

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## Plean Póilíneachta

## AN GARDA SÍOCHÁNA

2020

garda.ie

## PÓILÍNEACHT NÁISIÚNTA

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **9 An Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí:**<br><br>Na tionscnaimh a sannadh don Gharda Síochána sa Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2017-2025 a thabhairt chun cinn, agus tuairisciú ráithiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht leis an Údarás Póilíneachta.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Chuir an Garda Síochána na gníomhartha chun cinn in 2020 ar leithdháileadh air faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí; 'Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú - freagairt faoi stiúir na sláinte d'úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn, 2017-2025'.<br>- Cuireadh nuashonruithe mionsonraithe ar fheidhmíocht ar fáil don Údarás Póilíneachta gach ráithe.<br><br>- Tá aon chuspóir déag sa Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2017-2025.<br>- Díríonn an GS go mór ar dhá cheann díobh seo, Cuspóir 3.2: (Forfheidhmiú éifeachtach an dlí agus straitéisí agus gníomhartha laghdaithe soláthair chun an fháil atá ar dhrugaí neamhdhleathacha a chosc, cur isteach air nó a laghdú ar bhealach eile) agus Cuspóir 4.1 (Athléimneacht phobal a neartú agus a n-acmhainn freagartha a fhorbairt).<br><br>- I measc na ngníomhartha suntasacha, bhí an méid seo a leanas:<br>o Gníomh 3.2.36 – Infheistiú i mbearta forbartha acmhainne chun tacú le ról údaráis forfheidhmithe dlí i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí drugaí, ar mhargaí nua drugaí, agus ar an nGréasán dromchla agus an Gréasán dorcha.<br>o Gníomh 3.2.37 - Breithniú a dhéanamh ar an gcás go mbainfear úsáid as Ráitis Tionchair Pobail laistigh den chóras dlí choiriúil in Éirinn.<br>o Gníomh 4.1.41 - Leanúint le héiteas póilíneachta pobail a fhorbairt. Cur leis na héachtaí a rinne fóraim phóilíneachta áitiúla i dtaobh soláthar a dhéanamh do chaidreamh idir an Garda Síochána agus na pobail áitiúla agus an caidreamh sin a chothú.<br>o Gníomh 4.1.42 - Tabhairt faoi mheastóireacht ar an gClár Tuairiscithe um Imeaglú Bainteach le Drugaí (IBD) chun a éifeachtacht a neartú agus feasacht phoiblí a mhúscailt.<br>- Déanann an GNDOCB idirchaidreamh leis an Roinn Sláinte agus le gníomhaireachtaí eile ábhartha chun gníomhartha a chur chun cinn a bhaineann leis na cuspóirí seo.<br>- Mar shampla, Gníomh 3.2.36: Infheistiú i mbearta forbartha acmhainne chun tacú le ról údaráis forfheidhmithe dlí i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí drugaí, ar mhargaí nua drugaí, agus ar an nGréasán dromchla agus an Gréasán dorcha.<br>o Leanann an GS le páirt a ghlacadh sa Choiste um Réamhrabhadh faoi Threochtaí atá ag Teacht chun Cinn, ar cuireadh tús leis i Ráithe 2 2019.<br>o Tá idirchaidreamh leanúnach á dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta in Europol, Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC), an Foras um Fhorfheidhmiú Drugaí (DEA), an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coiriúlachta (NCA), Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí drugaí, margaí nua drugaí san áireamh.<br>o Tá seilbh ag GNDOCB, an GS ar uachtaránacht Ghrúpa POMPIDU i dtaobh drugaí ar líne.<br>o Idirchaidreamh leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (an ÚRTS) agus le Custaim.<br>o Rannpháirtíocht san ardán Eorpach ildisciplíneach i gcoinne bagairtí coiriúla (EMPACT). |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **16 Oibríochtaí Sláinte Poiblí:**<br><br>Oibríochtaí cuí a chur i bhfeidhm chun tacú le srianta sainordaithe sláinte poiblí ar ghluaiseacht, ar thionól agus ar ghníomhaíochtaí áirithe (Oibríocht Fanacht).<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Chun tacú le treoir an Choimisinéara agus leis na treoirlínte sláinte poiblí chun cosc a chur ar scaipeadh Covid-19 sa phobal, lean na hOibríochtaí seo ag tacú le srianta ar ghluaiseacht, ar thionól agus ar ghníomhaíochtaí áirithe:<br>o Cuireadh tús le hOibríocht Fanacht i Márta 2020 le seicphointí um thrácht ar bhóithre a bunaíodh i bpríomhláithreacha. Is éard a bhaineann le hOibríocht Fanacht ná patrólú ard-infheictheachta á dhéanamh ag comhaltaí an Gharda Síochána fud fad na tíre, agus díríonn an ghníomhaíocht seo ar leanúint le daoine a spreagadh cloí le bearta sláinte poiblí náisiúnta. Is éard a bhaineann leis ná seicphointí mórscála ar go leor príomhbhóithre, agus na mílte seicphointe inaistrithe ar bhóithre den dara grád agus i mbailte agus sráidbhailte.<br>o Cuireadh tús le hOibríocht Navigation in Iúil 2020 lena chinntiú go gcomhlíonann gach áitreabh ceadúnaithe forálacha Rialacháin an Achta Sláinte, 1947 (Alt 31A – Srianta Sealadacha) (Covid-19) (Uimh. 3), 2020. Leanadh ar aghaidh leis an Oibríocht le gníomhaíocht mhéadaithe ar fud na tíre i ndiaidh gur athosclaíodh áitribh cheadúnaithe áirithe i mí na Nollag 2020.<br><br>- Leanann an fhoireann Cumarsáide Corparáidí ag tacú leis an nGarda Síochána ina fhreagairt chéimnithe póilíneachta, agus comhairle an rialtais ar an bpobal chun scaipeadh Covid-19 a laghdú á tabhairt chun solais.<br><br>- Trí idirchaidreamh a dhéanamh lenár lucht leanúna 1.4 milliún duine sna meáin shóisialta, atá ag dul i méid i gcónaí, anuas ar ár gceangal dlúth lenár bpobal, leanaimid le comhairle FSS a chur chun cinn agus le samplaí de dhea-chleachtas i measc Gardaí a léiriú, agus úsáid á baint as haischlibeanna cosúil le #SeasAnFód #BíSábháilte #AnseoLeCabhrúLeat.<br>- Áiríodh leis seo:<br>o Nuashonruithe rialta arna roinnt ar ár gcainéil mheán sóisialta agus dhigiteacha, ar na nuashonruithe rialta sláinte poiblí éagsúla a cuireadh i bhfeidhm san áireamh.<br>o An Aip Rianaire COVID agus nuashonruithe a rinneadh air ina dhiaidh sin a chur chun cinn.<br>o Íomhánna de Ghardaí a roinnt ina dtugtar rannpháirtíocht an phobail chun solais<br><br>- Chruthaigh na Cluichí Ceannais Iománaíochta agus Peile Sinsearaí Uile-Éireann dúshláin i mí Na Nollag. Cuireadh pleananna daingne póilíneachta i bhfeidhm i ngach Roinn gaolmhar lena chinntiú go ndearnadh ord poiblí a choimeád agus chun tionóil phoiblí a dhíspreagadh.<br>- Rinneadh idirchaidreamh le Ranna Rialtais, an CLG agus le Cumann na bhFíoncheannaithe Ceadúnaithe sular cuireadh an dá chluiche ar siúl agus bhain Oifig Preasa an Gharda Síochána úsáid an-éifeacht as na meáin shóisialta chun an gá a phoibliú a bhí le cloí le treoirlínte sláinte poiblí. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **17 Feidhmeanna Náisiúnta Comhordaithe agus Tascála:**<br><br>Comhdhlúthú na bhFeidhmeanna náisiúnta Comhordaithe agus Tascála, ar aon dul le tabhairt isteach na Samhla Oibriúcháin.<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - The National Coordination and Tasking Functions, through the National<br>- Tá mar chuspóir ag na Feidhmeanna Náisiúnta Comhordaithe agus Tascála, tríd an gCreat Náisiúnta Faisnéise Coiriúla (NCIF), feabhas a chur ar cheisteanna slándála a chomhordú le réigiúin phóilíneachta.<br>- Áireofar an méid seo a leanas leis an NCIF a bheartaítear:<br>o Struchtúr Aonaid Chomhordaithe (ó pheirspictíocht náisiúnta / réigiúnach araon)<br>o Comhordú Lárnach lasmuigh den NCIU<br>o Struchtúr tuairiscithe<br>o Ról aonaid faireachais<br>o Acmhainn theicniúil a bheartaítear<br>- Rinne Oifig an Leas-Choimisinéara, Póilíneacht agus Slándáil, athbhreithniú ar an NCIF agus tá súil leis go gcuirfear cur i láthair ar an NCIF faoi bhráid Fheidhmeannacht an Gharda Síochána go luath in 2021. |
| **18 Maitrís Mheasúnaithe Bagartha Drong Coireachta Eagraithe (DCE):**<br><br>Ár maitrís mheasúnaithe bagartha DCE a chur i bhfeidhm (R4).<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - D'fhorbair an Garda Síochána an Mhaitrís Bhagartha Drong Choireachta Eagraithe (DCE) in 2019. Cuideoidh an uirlis seo leis an nGarda Síochána na bagairtí a chruthaíonn dronga coiriúla don phobal a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus déileáil níos éifeachtaí le bagairtí sular féidir leo dul i méid.<br>- Cuireadh tús leis an maitrís mheasúnaithe bagartha a chur i bhfeidhm: i dtosach mar chuid de Mhol Faisnéise Réigiún an Oirthir, laistigh den tSamhail Oibriúcháin.<br>- Tá triail ar bun freisin laistigh den Aonad Náisiúnta um Fhaisnéis Choiriúil (an NCIU). |
| **19 Moil Chibearchoireachta:**<br><br>Leanúint le hoibriú 3 mhol cibearchoireachta satailíte a bhunú agus tús a chur lena n-oibriú (Ráithe 4).<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Críochnaíodh comórtais le haghaidh folúntas do Bhleachtairí Cigire, Bleachtairí Sáirsint agus Bleachtairí Garda do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Chibearchoireacht (GNCCB) agus do mhoil chibearchoireachta satailíte.<br>- Cuireadh na hagallaimh i gcrích i mí na Nollag 2020.<br>- Cuireadh painéal le chéile chun na folúntais a líonadh maidir le gach céim.<br>- Níor leithdháileadh pearsanra go fóill agus tá súil leis go gcríochnófar seo i Ráithe 1 2021.<br>- Tá na trí mhol satailíte (Loch Garman, Gaillimh, an Mhí/an Iarmhí) críochnaithe agus rinneadh trealamh (oifige) a shuiteáil i ngach mol.<br>- Bhí líonrú na Mol Satailíte Cibearchoireachta le críochnú faoi lár mhí Eanáir 2021.<br>- Bronnfar an conradh le haghaidh trealamh TFC i Ráithe 1 2021.<br>- Rinneadh clár oiliúna d'fhoireann nua a fhorbairt agus a chur faoi bhráid an Bhainisteora Tionscadal go ndéanfar breithniú air.<br>- Ceadaíodh an soláthar seirbhísí tacaíochta síceolaíche do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB)/ GNCCB/Aonaid Seirbhísí Cosanta (ASCanna) agus sainagallóirí. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **27 Athbhreithniú ar Choireacht a bhaineann le Drugaí:**<br><br>Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn timpeallacht nua agus atá ag teacht chun cinn ar shaghsanna coireachta drugaí agus a bhaineann le drugaí agus leanúint le freagairtí cuí oibríochtúla a sholáthar.<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Déanann an Garda Síochána monatóireacht ar threochtaí drugaí ar aon dul le Córas Réamhrabhaidh an AE trí na tionscnaimh seo a leanas:<br>o Leanúint le hidirchaidreamhach a dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta in Europol, Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC), an Foras um Fhorfheidhmiú Drugaí (SAM) (DEA), an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coiriúlachta (an RA) (NCA), Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí drugaí, margaí nua drugaí san áireamh.<br>o Tá Uachtaránacht an Ghrúpa Comhair um Mí-Úsáid Drugaí agus Gáinneáil Neamhdhleathach ar Dhrugaí a Chomhrac, ar a dtugtar Grúpa POMPIDOU freisin, á sealbhú ag an mBleachtaire Ceannfoirt, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (GNDOCB).<br>o Leanann an GNDOCB le hidirchaidreamh a dhéanamh leis Údarás Rialála Táirgí Sláinte (an ÚRTS) agus le Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim.<br>o Rannpháirtíocht san Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) maidir le cócaon, cannabas agus hearóin.<br>o Idirchaidreamh leanúnach le haonaid drugaí áitiúla agus le líonra bunaithe comhaltaí oilte an Gharda Síochána i dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí drugaí áitiúla.<br>o Idirchaidreamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an Roinn Sláinte agus an Bord Taighde Sláinte (an BTS) i dtaobh básanna trí nimhiú agus treochtaí atá ag teacht chun cinn.<br>o Idirchaidreamh leis an gCoiste um Réamhrabhadh faoi Threochtaí atá ag Teacht chun Cinn maidir leis an treocht a bhaineann le Mí-Úsáid a bhaint as Ocsaíd Nítriúil atá ag teacht chun cinn. Leanann an Garda Síochána le comhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim ina measc i dtaca le hOcsaíd Nítriúil a iompórtáil, a easpórtáil nó a dhíol ar chuspóirí neamhdhleathacha.<br>o Idirchaidreamh le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, na Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim, Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus FSS ina measc i dtaca leis an treocht atá ag teacht chun cinn a bhaineann le hiteáin Channabais i ndiaidh go ndearnadh méid mór táirgí iondoirte cannabais (milseáin) a urghabháil. |
| **28 Tuairisciú ar GCEanna le hÚdarás Póilíneachta:**<br><br>Díriú go leanúnach ar ghrúpaí coireachta eagraithe, bagairtí agus dúshláin atá ag teacht chun cinn (agus tuairisciú ráithiúil á dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta).<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Cuireann an Coimisinéir Cúnta, Coireacht Eagraithe agus Trom-choireacht tuairisc ráithiúil ó bhéal ar fáil don Údarás Póilíneachta. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **33 Moltaí faoi Imscrúdú ar Dhúnbhású:**<br><br>Moltaí na Foirne Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Dúnbhásaithe a chur chun cinn.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - In 2018, bhunaigh an Garda Síochána Foireann Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Dúnbhásaithe chun tabhairt faoi athbhreithniú ar chaighdeán na n-imscrúduithe, aicmiú sonraí ar PULSE san áireamh, maidir le 41 cás.<br>- D'eascair 21 moladh as an athbhreithniú.<br>- Bunaíodh an Grúpa um Chur i bhFeidhm agus leithdháileadh gach ceann de na moltaí ar úinéir beartais faoi seach le dul i mbun gnímh ina leith.<br>- Cuireadh 12 de na 21 moladh i gcrích.<br>- Rinneadh na tuairiscí deiridh do na moltaí seo a fháil, a athbhreithniú agus a phlé ag cruinnithe an Ghrúpa um Chur i bhFeidhm, inar comhaontaíodh go ndeachaigh na gníomhartha a dtugtar cuntas orthu sna tuairiscí i ngleic go hiomlán leis na ceisteanna a sainaithníodh sna moltaí.<br>- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na naoi moladh eile agus leanann na páirtithe leasmhara ábhartha go léir le hiarrachtaí a dhéanamh an rud céanna a chur i gcrích.<br>- Iarradh ar an bhFoireann Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Dúnbhásaithe ationól le hathbhreithniú ar shonraí a chríochnú atá á gcoimeád ag Oifig an Phaiteolaí Stáit agus ar shonraí PULSE a bhaineann le daoine marbha don bhliain 2019. |
| **34 Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne:**<br><br>Comhdhlúthú thabhairt isteach náisiúnta na nAonad Seirbhísí Cosanta Roinne i ngach ceann de na 19 roinn ar aon dul lenár ngealltanais faoin Dara Straitéis Náisiúnta um an bPlean Gníomhaíochta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Cuireann Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne (ASCRanna) cur chuige comhsheasmhach agus gairmiúil ar fáil i leith saghsanna sainchoireachta a imscrúdú, coireacht ghnéis agus drochíde sa teaghlach san áireamh.<br>- Bunaíodh ASCRanna i 19 Roinn, agus ceapadh Cigirí do gach Aonad.<br>- Ceadaíodh na Téarmaí Tagartha don Athbhreithniú Iar-Chuir i bhFeidhm.<br>- Comhaontaíodh le cur chuige cumaiscthe i leith oiliúna, ina n-úsáidtear meascán de chuir i láthair ríomhfhoghlama agus de stíl seimineár gréasáin, idir Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta agus Coláiste an Gharda Síochána.<br>- Chuir na srianta éagsúla Covid-19 a bhí i bhfeidhm i rith 2020 moill ar an gclár oiliúna seo a chríochnú agus a sholáthar. |
| **35 Uirlis Mheasúnaithe Riosca Drochíde sa Teaghlach:**<br><br>Leanúint leis 'an Uirlis Mheasúnaithe Riosca Drochíde sa Teaghlach' a thabhairt isteach ar bhealach céimnithe agus le hoiliúint ar mheasúnú riosca a thabhairt isteach.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Samhail chinnteoireachta atá san Uirlis Mheasúnaithe Riosca Drochíde sa Teaghlach a d'fhorbair Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) ag an tráth céanna a bunaíodh ASCRanna. Tá sé thoisc ardriosca san uirlis seo, de réir an chomheolais agus an chomheispéiris ghairmiúil. Cuireann sé ar chumas chomhaltaí an Gharda Síochána teagmhais a raibh spreagadh Drochíde sa Teaghlach acu a sciathadh agus na páirtithe a bhí bainteach a chatagóiriú amhail riosca ard nó íseal a chruthú, agus cabhraíonn sé le sábháilteacht agus le cosaint na n-íospartach.<br>- Tugadh isteach é i Roinn RCBÁC Thoir i Márta 2020.<br>- Bhíothas leis an oiliúint a thosú i Ranna Chiarraí agus na Gaillimhe go luath ina dhiaidh sin, ach mar gheall gur cuireadh tús le srianta Covid-19, áfach, cuireadh an tabhairt isteach a beartaíodh ar athlá.<br>- Uaslódáladh modúil ríomhfhoghlama a bhain go sonrach leis an Uirlis Mheasúnaithe Riosca Drochíde sa Teaghlach chuig Córas Bainistíochta Foghlama (CBF) Choláiste an Gharda Síochána agus cuireadh i bhfeidhm go beo iad do rannpháirtithe ó na ASCRanna agus ón mbainistíocht shinsearach i Roinn na Gaillimhe agus Chiarraí i mí na Nollag 2020.<br>- Éascófar tabhairt isteach do Roinn eile a luaithe agus is féidir. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **36 Oibríochtaí Drochíde sa Teaghlach:**<br><br>Tabhairt faoi oibríochtaí ar leith chun íospartaigh, agus íospartaigh fhéideartha, na drochíde sa teaghlach a chosaint (Oibríocht Faoiseamh).<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Cuireadh tús le 'Oibríocht Faoiseamh' an 1 Aibreán 2020 agus é mar sprioc aige tacaíocht agus athdhearbhú a sholáthar d'íospartaigh na drochíde sa teaghlach i rith shrianta Covid-19.<br>- Baineann an oibríocht le ceithre cholún: feachtas meán, orduithe an Achta um Fhoréigean Baile, 2018 a fhorghníomhú, athghlaonna gutháin Drochíde sa Teaghlach agus glaonna gutháin réamhghníomhacha leantacha a chur ar gach íospartach na drochíde sa teaghlach ag Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh.<br>- Cuireadh breis agus 21,000 teagmháil nó iarracht ar theagmháil a dhéanamh le híospartaigh na drochíde sa teaghlach i gcuntas mar chuid de 'Oibríocht Faoiseamh' ó cuireadh tús leis.<br>- Tháinig méadú 24% ar chiontóirí a chiontú i ngeall ar choireanna a bhain le drochíde sa teaghlach.<br>- Tháinig méadú 17% ar sháruithe ar Orduithe Cúirte Drochíde sa Teaghlach, agus cuireadh an Garda Síochána ar an eolas ar 4323 ordú in 2020.<br>- Tháinig méadú 25% ar chúisimh choiriúla a rinneadh i ngeall ar sháruithe ar an Acht um Fhoréigean Baile, 2018 in 2020 aníos go dtí 4,036<br>- D'aithin an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 'Oibríocht Faoiseamh' mar chuid d'Imeacht Aitheantais Nuálaíochta agus Sármhaitheas na Státseirbhíse sa chatagóir "Sármhaitheas Seirbhíse do Chustaiméirí".<br>- B'oibríocht ghníomhach leanúnach é 'Oibríocht Faoiseamh' i rith 2020 agus leanadh ar ais isteach in 2021 leis. |
| **37 Athghlaonna ar Íospartaigh na Drochíde sa Teaghlach:**<br><br>A chinntiú go ndéanfar teagmháil 'i bpearsan' nó 'glao gutháin' nó teagmháil eile chuí le híospartaigh agus go gcuirtear i gcuntas é sa scáileán Rannpháirtíochta Íospartach, laistigh de 7 lá i ndiaidh teagmhas drochíde sa teaghlach, i measc 60% de na cásanna. Bunófar<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Leanann Aonad Rialachais Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (an GNPSB) le monatóireacht a dhéanamh ar idirchaidreamh le híospartaigh ar fud na Ranna.<br>- Tugadh le fios sa tuarascáil ar Anailís Fheidhmíochtbhunaithe (AFB), amhail Nollaig 2020, go ndearna an Garda Síochána teagmháil le 81% d'íospartaigh na Drochíde sa Teaghlach laistigh de 7 lá i ndiaidh gur tugadh teagmhas drochíde sa teaghlach le fios i rith 2020. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **38 Measúnuithe ar Íospartaigh:**<br><br>An chomhréir de mheasúnuithe iomlána íospartaigh a dhéantar laistigh de 3 lá i ndiaidh go dtuairiscítear iad aníos go dtí 85%.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Rinne an Garda Síochána Clár Eolais Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTF) Íospartaigh na Coireachta a chur chun feidhme in 2019.<br>- Ceadaíonn seo do Bhainisteoirí Sinsearacha Garda rath a thomhas, buarthaí a shainaithint, patrúin a thuiscint, agus réitigh a chur i ngníomh i dtaobh measúnuithe ar íospartach na coireachta a dhéanamh, a bhfuiltear ag tabhairt fúthu.<br>- Gné é measúnú ar íospartach na coireachta ar PULSE a chabhraíonn le híospartaigh leochaileacha a shainaithint a bhféadfadh go mbeadh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.<br>- A luaithe a shainaithnítear iad, déantar plé ar na híospartaigh ag cruinniú laethúil an Chreata um Chuntasacht Feidhmíochta (CCF).<br>- Leanann Aonad Rialachais an GNPSB le monatóireacht a dhéanamh ar idirchaidreamh ar fud na Ranna.<br>- Tugadh le fios sa tuarascáil ar Anailís Fheidhmíochtbhunaithe (AFB), amhail Nollaig 2020, go ndearnadh 88% de na measúnuithe ar íospartach laistigh de 3 lá i ndiaidh gur tugadh teagmhas le fios. |
| **39 Oiliúint ar Thacaíocht d'Íospartaigh:**<br><br>Leanúint lenár n-acmhainn oiliúna, ár n-acmhainn ríomhfhoghlama san áireamh, a fhorbairt.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - I ndiaidh go ndearnadh taighde agus rannpháirteachas fairsing le páirtithe leasmhara, d'fhorbair an Garda Síochána ábhar an chúrsa agus achoimre ar an gcúrsa don oiliúint faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017.<br>- Clár daingean foghlama é seo a sholáthróidh tuiscint ar phóilíneacht a sholáthar atá íospartachlárnaithe agus ar na hoibleagáidí a leagtar ar an nGarda Síochána faoin Acht.<br>- Mar gheall ar na srianta éagsúla Covid-19 a bhí i bhfeidhm i rith 2020, bhí moilleanna ar aistriú ábhar an chúrsa chuig formáid ríomhfhoghlama a chríochnú.<br>- Rinne an Garda Síochána idirchaidreamh freisin le hOllscoil Luimnigh ag féachaint leis an bpacáiste oiliúna ar líne a chreidiúnú. |

## SLÁNDÁIL AGUS FAISNÉIS NÁISIÚNTA

**Príomhtháscairí feidhmíochta**

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **14 An Fhreagairt do Covid-19 a Chomhordú:**<br>Córais agus próisis inmheánacha a ghiaráil agus, sa chás gur chuí, a bhunú chun ár bhfreagairt do Covid-19 a chomhordú.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Bunaíodh Aonad Comhordaithe Covid-19 an 10 Márta 2020 faoi stiúir an Bhleachtaire Ard-Cheannfoirt, Idirchaidreamh agus Cosaint.<br>- Leanann an tAonad ag oibriú ar bhonn 24/7 agus, anuas ar threoracha agus cumarsáid oibríochtúil a chomhordú, feidhmíonn sé freisin mar líne chabhrach agus seirbhís ríomhphoist chun cabhrú le Gardaí túslíne oibríochtúla agus chun treoir agus athdhearbhú a sholáthar do chomhaltaí agus foireann an Gharda Síochána.<br>- Déantar ionadaíocht don Gharda Síochána ar an bhFoireann Bainistíochta Mór-Éigeandála faoin bhFoireann Éigeandála Sláinte Poiblí Náisiúnta faoi choimirce Roinn an Taoisigh.<br>- Leanann an Stiúrthóir Cumarsáide agus Oifig Preasa an Gharda Síochána le hidirchaidreamh a dhéanamh le hAonad Comhordaithe Covid-19 agus leis an bPríomhoifigeach Leighis (an POL) le freagairtí agus cur teachtaireachtaí tráthúil comhordaithe a chinntiú chuig an eagraíocht agus an pobal araon.<br>- Leanadh le nuashonruithe agus comhairle a bhain le Covid a scaipeadh ar an bpearsanra, iad siúd a ghlac agus nár ghlac le mionn oifige, trí ‘Newsbeat’, bullaitín inmheánach cumarsáide.<br>- Achtaíodh roinnt ionstraimí reachtúla mar fhreagairt do Covid-19 agus do shonraí faoin reachtaíocht uile sin. Anuas air sin, leanadh le cáipéisí treorach gaolmhara a scaipeadh, faoi mar ba chuí. |
| **30 Ceangal Faisnéise Schengen:**<br><br>A chinntiú go raibh an acmhainn ann a cheadú d’Éirinn ceangal a dhéanamh le Córais Faisnéise Schengen (R4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Is é Córas Faisnéise Schengen (CFS) an córas roinnte faisnéise is mó agus a mbaintear an úsáid is fairsinge as le haghaidh bainistíocht slándála agus teorann san Eoraip.<br>- In 2019, bhain an Garda Síochána ullmhacht theicniúil amach agus chuir an AE ainm le Córas Schengen freisin.<br>- Tá ar gach Ballstát a oibríonn CFS Iarraidh náisiúnta ar Fhaisnéis Fhorlíontach a bhunú ag an mBiúró Iontrálacha Náisiúnta (SIRENE), a oibríonn ar bhonn 24/7, atá freagrach as faisnéis fhorlíontach a roinnt agus as gníomhaíochtaí a bhaineann le foláirimh CFS a chomhordú.<br>- Bunaíodh an oifig seo in Éirinn in 2019 chun an CFS a bhainistiú agus ghlac an fhoireann a earcaíodh lena róil in 2020.<br>- Fuair Éire deimhniú ón gCoimisiún Eorpach in 2020 chun tús a chur le hualú sonraí an 4 Eanáir 2021 agus bhí an CFS le bheith i mbun feidhme an 15 Márta 2021.<br>- Ina theannta sin, d’éirigh le hÉirinn i Measúnú um Chosaint Sonraí an AE. Freagraíodh suirbhé ceistneora do Choimisiún an AE maidir le Measúnú Comhair Póilíní na hÉireann agus táthar ag súil leis an toradh i Meitheamh 2021. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **31 Oiliúint Schengen:**<br><br>Plean oiliúna agus cumarsáide a chur i bhfeidhm do Chórais Faisnéise Schengen.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Bhunaigh Éire Iarraidh náisiúnta ar Fhaisnéis Fhorlíontach ag an mBiúró Iontrálacha Náisiúnta (SIRENE) atá freagrach as an gcóras CFS in 2019 agus ghlac an fhoireann lena róil in 2020.<br>- Ullmhaíodh pacáiste cuimsitheach oiliúna agus tá sé ar fáil ar Chóras Bainistíochta Foghlama (CBF) ar líne Choláiste an Gharda Síochána.<br>- Tugadh ríomhfhoghlaim isteach i Márta 2020 agus tá 9 modúl ann. Tá an oiliúint le cur i gcrích faoin dáta um chur chun feidhme i Márta 2021. B'ionann an céatadán a bhí críochnaithe ag deireadh na bliana agus thart ar 20%. |
| **32 Céim III Schengen:**<br><br>Tús a chur le pleanáil do Chórais Faisnéise Schengen III (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Mar gheall ar shaincheisteanna dlíthiúla ar leibhéal an AE, cuireadh moill ar "cur chun feidhme" CFS II ó 2020 go 2021. Deimhnítear anois go gcuirfear CFS II chun feidhme an 15 Márta 2021.<br>- Cuireadh tús le pleanáil do CFS III in 2020, agus cuireadh roinnt ceardlann ar siúl (ina raibh an díoltóir teicniúil, an fhoireann gnó agus pearsanra TFC an Gharda Síochána bainteach) ar siúl chun céimeanna éagsúla an phróisis phleanála a chur i gcrích, cosúil le hanailís, dearadh etc.<br>- Chuir an Fhoireann Tionscadail ainm le Bainistíocht Theicniúil Chláraithe (BTC) Ateilgthe CFS III i mí na Nollag 2020. |
| **52 Freagairt Móréigeandála:**<br><br>Páirt ghníomhach a ghlacadh in agus cur go gníomhach le struchtúir idirghníomhaireachta Bainistíochta Móréigeandála Náisiúnta, meithleacha, deiseanna oiliúna agus cleachtaidh.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Freastalaíodh ar chleachtaí agus ar chruinnithe sceidealaithe mheitheal Bhainistíochta Móréigeandála (BMÉ) go dtí Márta 2020 nuair a tugadh srianta chun Covid-19 a shrianadh isteach.<br>- Chabhraigh foireann Oifig Náisiúnta Bainistíochta Móréigeandála an Gharda Síochána le foireann a sholáthar san Aonad Comhordaithe Covid-19, a ghlac páirt ina dhiaidh sin i struchtúir nua a rinne an fhreagairt náisiúnta don phaindéim a chomhordú ar an oileán.<br>- D'úsáid bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána struchtúir réigiúnacha BMÉ chun idirghníomhú le Príomhghníomhaireachtaí Freagartha agus chun comhordú agus maoirseacht a dhéanamh.<br>- D'atosaigh Tascfhórsa an Rialtais, an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta, an Mheitheal Náisiúnta agus Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Freagartha Móréigeandála an Gharda Síochána agus foghrúpaí eile cruinnithe rialta i suíomh iargúlta ó Iúil ar aghaidh. Tá ríomhfhoghlai BMÉ á húsáid sa chás gur féidir.<br>- Áirítear le hoibríochtaí eile, comhoibriú lenár gcomhpháirtithe sa Ghrúpa Bainistíochta Éigeandála Trasteorann (GBÉT) agus cumarsáid rialta maidir le rabhaidh aimsire, cosúil le Stoirm Bella. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **53 Acmhainní Freagartha d'Ábhair Cheimiceacha, Bhitheolaíocha agus Raideolaíocha agus Núicléach (CBRN):**<br><br>Acmhainneacht tosaigh Freagartha d'Ábhair Cheimiceacha, Bhitheolaíocha, Raideolaíocha agus Núicléacha (CBRN) a athshlánú tríd an saintrealamh, agus an oiliúint, ag brath ar acmhainní, a sholáthar (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Fuarthas trealamh Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach (CBRN) i Stóir an Gharda Síochána go déanach in Eanáir.<br>- Rinneadh comhaontú ar dhátaí oiliúna le Coláiste an Gharda Síochána agus iarradh ar ainmnithe ó gach Réigiún an Gharda Síochána.<br>- Cuireadh tús leis an gcéad oiliúint i lár Feabhra.<br>- Cuireadh an oiliúint ar fionraí ag an tráth sin agus is amhlaidh atá sé go fóill mar gheall ar shrianta Covid-19. |
| **54 Oiliúint BMÉ:**<br><br>Oiliúint ar fheasacht ar Bhainistíocht Móréigeandála a sholáthar don Bhainistíocht Shinsearach laistigh den Gharda Síochána (Ráithe 4).<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✗ | - Rinneadh cruinnithe faisnéise a eagrú agus a shocrú lena soláthar ag cruinnithe an Chreat Réigiúnaigh um Chuntasacht Feidhmíochta (CCF).<br>- Cuireadh cruinniú faisnéise amháin den saghas sin ar siúl i Réigiún an Deiscirt i bhFeabhra 2020.<br>- Cuireadh cruinnithe faisnéise eile siar mar gheall ar shrianta Covid-19. Rinneadh teagmháil leis na réigiúin eile agus déanfaidh siad breithniú ar an sprioc seo nuair a bhíonn a gcruinnithe CCF á bpleanáil. |

## SÁBHÁILTEACHT PHOBAIL

**Príomhtháscairí Feidhmíochta**

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **1 Creat Póilíneachta Pobail:**<br><br>Leanúint le cur i bhfeidhm ár gcreata nua Póilíneachta Pobail a fhorbairt i 4 Roinn – Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Láir, Luimneach, Maigh Eo agus Gaillimh (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - D'fhorbair an Garda Síochána Creat nua Póilíneachta Pobail in 2019.<br>- Déantar soláthar sa Chreat do phóilíneacht limistéir bhig a dhéanamh ina sanntar Gardaí póilíneachta pobail do limistéar ar leith de Roinn ('Earnáil Phóilíneachta Limistéir Bhig' (EPLB)). Cinnteoidh seo leibhéal comhsheasmhach d'idirghníomhú idir an pobal agus an Garda Síochána. Cuireadh an creat nua seo i bhfeidhm i gceithre Roinn an Gharda Síochána in 2020 (Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Láir, Maigh Eo agus Gaillimh).<br>- Forbraíodh dréacht-athbhreithniú freisin ar an gCreat Póilíneachta Pobail a chur i bhfeidhm in 2020, a rinne measúnú ar thabhairt isteach, oiliúint agus ar an ábhar tacaíochta.<br>- Scaipeadh gléasanna soghluaisteachta, a chuireann teacht ar PULSE ar fáil, ar 370 Garda Póilíneachta Pobail in 2020. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **2 Oiliúint Póilíneachta Pobail:**<br><br>Leanadh le hOiliúint Póilíneachta Pobail a fhorbairt, agus forbraíodh oiliúint ar líne freisin (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Críochnaíodh Oiliúint Póilíneachta Pobail a fhorbairt agus uaslódáladh modúil (1-4) (an Creat Póilíneachta Pobail, Córais Tacaíochta, Rannpháirtíocht an Phobail, Sábháilteacht Phoiblí) chuig an gCóras Bainistíochta Foghlama (CBF).<br>- Cuireadh ábhar modúl (1-4) faoi bhráid Choláiste an Gharda Síochána ar DVD ina theannta sin.<br>- Soláthrófar Modúl (5) in 2021 mar chuid den Oiliúint ar Éagsúlacht a thabhairt isteach.<br>- De réir mar a iontrálann Gardaí Póilíneachta Pobail an Creat Póilíneachta Pobail, de réir mar a shanntar do EPLB iad, cuirfear an oiliúint orthu. |
| **3 Mapáil Póilíneachta Pobail:**<br><br>Mapáil na 4 Roinn a chur i gcrích (Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Láir, Maigh Eo agus Gaillimh) (Ráithe 2) agus tús a chur le 2 Roinn bhreise a mhapáil - an Mhí/an Iarmhí agus Luimneach (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Is éard a bhaineann le 'Mapáil Póilíneachta Pobail' ná gach Roinn a eagrú ina EPLB.<br>- Éascóidh seo an Creat Póilíneachta Pobail a thabhairt isteach.<br>- Críochnaíodh mapáil na sé Roinn uile (Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Láir, Maigh Eo agus Gaillimh, an Mhí/an Iarmhí agus Luimneach) faoi dheireadh Ráithe 2. |
| **4 Póilíní Pobail a Leithdháileadh:**<br><br>Ullmhú do chomhaltaí a shannadh do Limistéir Phóilíneachta Pobail ar aon dul le mapáil an Chreata Póilíneachta Pobail nua in 4 Roinn (Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Láir, Maigh Eo agus Gaillimh) (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Críochnaíodh mapáil na 4 Roinn in 2020 agus cuireadh cruinnithe leantacha ar siúl maidir le comhaltaí an Gharda Síochána a shannadh do EPLB mapáilte.<br>- Is é an tOifigeach Roinne áitiúil faoin gCoimisinéir Cúnta Réigiúnach atá freagrach as comhaltaí a leithdháileadh agus a shannadh.<br>- I rith shrianta Covid leibhéal 5, bhí Aonaid Phóilíneachta Pobail dírithe ar thacú le daoine leochaileacha ina bpobal agus déanfar iad a leithdháileadh ar Limistéir Phóilíneachta Pobail limistéir go dtí go mbainfear na srianta. |
| **5 Éagsúlacht agus Imeascadh a Chur i bhFeidhm:**<br><br>Plean um Chur i bhFeidhm a fhorbairt do Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha an Gharda Síochána 2019-2021 i ndiaidh dul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara (Ráithe 4) atá le cur i bhfeidhm a thosóidh i Ráithe 4.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Tá an Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha 2019-2021 ceaptha cumarsáid a fheabhsú, comhpháirtíochtaí pobail a chothú agus cur in aghaidh ciníochais agus coireacht fuatha.<br>- Forbraíodh plean um chur i bhfeidhm don Straitéis in 2020 agus tá cur i bhfeidhm ar siúl go leanúnach.<br>- Tugadh oiliúint ar Choireacht Fuatha isteach in 2020 agus cuireadh tuarascáil ar bhacainní roimh earcaíocht agus daoine ó chúlraí mionlaigh agus éagsúla a choinneáil le chéile.<br>- Bunaíodh Fóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána in 2020 chun idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe pobal agus príomhpháirtithe leasmhara chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise.<br>- Déanann an Coimisinéir Cúnta, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal, maoirseacht ar an ngrúpa ach déanann ionadaí neamhspleách a thoghann an grúpa cathaoirleacht air.<br>- Mar gheall ar Covid-19, tá an Fóram ag casadh ar a chéile go cianda. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **6 Aiseolas faoi Éagsúlacht agus Imeascadh:**<br><br>Meicníocht a fhorbairt d'aiseolas pobail ar Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha an Gharda Síochána 2019-2021 agus iontaoibh phobal fairsing as an GS a thomhas (Ráithe 4)<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Tabharfaidh 'Ionad Sármhaitheasa Éagsúlachta agus Ionchuimsithe' Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus Lárionad Éagsúlachta na hÉireann faoi shuirbhé neamhspleách ar á bpáirtithe leasmhara pobail chun aiseolas a bhailiú ar éifeachtacht Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha an Gharda Síochána.<br>- Tá seo le críochnú i Ráithe 3 2021 agus tá tuarascáil deiridh le seoladh ar aghaidh faoi i Ráithe 4 2021.<br>- Anuas air sin, cuireadh síneadh le sainchúram Fhóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána go gcuimseofar aiseolas ann faoin Straitéis agus go ngníomhóidh sé mar 'cara ríthábhachtach'.<br>- Cuirfear aiseolas inmheánach (an Garda Síochána) le chéile trí dhul i gcomhairle le Líonra Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána. |
| **7 Idirchaidreamh le Mionlaigh (Covid-19):**<br><br>Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí mionlaigh agus ar deacair teagmháil a dhéanamh leo maidir le dúshláin ar leith a bhíonn roimh dhaoine i gcomhthéacs Covid-19 agus an t-eispéireas seo á chur san áireamh agus á chur i bhfeidhm i leith beartais aghaidh cleachtais Éagsúlacht agus Imeasctha a fhorbairt.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Rinne Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh (GNDIU) idirchaidreamh le pobail mhionlaigh agus ar deacair teagmháil a dhéanamh leo. Tá an tAonad faoi stiúir Sáirsint amháin agus tá triúr chroífoirne ann agus tacaíonn Oifigigh Éagsúlachta timpeall na tíre leis.<br>- Nuair nach féidir idirchaidreamh aghaidh ar aghaidh a dhéanamh, tá úsáid á baint as glaonna comhdhála, glaonna gutháin agus glaonna comhdhála gréasáin. I measc na samplaí ar leith de theagmháil a dhéanamh, tá:<br>o Cumarsáid a dhéanamh le gach Ionad Soláthair Dhírigh i rith na dianghlasála i gcontaetha Laoise, Uíbh Fhailí agus Chill Dara.<br>o Idirchaidreamh a dhéanamh le Seirbhís Idirghabhála an Lucht Siúil maidir le saincheisteanna póilíneachta áitiúla.<br>o Eolas aistrithe faoi Covid-19 a sholáthar d'fhostaithe in ionaid phróiseála feola.<br>o Cuireadh cruinniú ar líne ar siúl an 10 Meán Fómhair 2020 le Pobal na Brasaíle agus le comhaltaí eile an phobail áitiúil.<br>o Rinneadh idirchaidreamh le hionadaithe maidir le teannas níos measa sa phobal i ndiaidh gur maraíodh an rothaí le Deliveroo, Thiago Cortes, i Lúnasa 2020.<br>o Aistriúcháin Phortaingéilise den Straitéis Éagsúlachta agus Imeasctha agus de Choireacht Fuatha curtha ar fáil do bhaill de Phobal na Brasaíle in RCBÁC Thuaidh-Láir.<br>o Gluaisteán Mórtais ar a raibh tuar ceatha curtha ar fáil do na Gardaí i gCluain Meala chun patrólú ard-infheictheachta a sholáthar chun tacú le Mórtas Chluain Meala an 30 Lúnasa 2020.<br>o Idirchaidreamh leis an bPobal Moslamach thart ar an tráth a bhí féile Eid Al Adha ar siúl.<br>- D'fhreastail an GNDIU ar roinnt seimineáir ghréasáin freisin maidir le réimse saincheisteanna, Coireacht Fuatha, Frith-Sheimíteachas, Cearta agus Dálaí Maireachtála an Lucht Siúil in Éirinn, Coireacht Fuatha Fhrith-Mhoslamach, Torthaí Innéacs an Bheartais Imeasctha Imirceach d'Éirinn, Beartais Chiníochais agus Idirdhealaithe sa pheil, miotais chomhcheilge agus scéalta faoi Covid a dhéanann deighilt iomlán. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **8 Cúltacaí Póilíneachta Pobail:**<br><br>Cúltaca an Gharda Síochána reatha a leabú i 4 Roinn (Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Láir, Maigh Eo agus Gaillimh) i gcomhréir lenár Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána (faoi Ráithe 4)<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Ní raibh aon sainmhíniú soiléir ann ar "leabú" - glacadh leis an sainmhíniú oibríochtúil seo a leanas ar leabú Chomhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána don tionscadal seo.<br>a) Leithdháiltear Comhaltaí an Chúltaca ar ról ar leith – Foirne Póilíneachta Pobail (FPP)/Gnáth-Aonad/Bainistíocht Móréigeandála (BMÉ) nó meascán de gach ceann – agus cuireann gach ceann díobh le póilíneacht phobail.<br>b) Tá pointe teagmhála bunaithe ann i dtaobh dualgas a leithdháileadh/leasa/tacaíochta.<br>c) Leantar le teagmháil a dhéanamh idir Comhalta an Chúlchiste agus an pointe teagmhála a leithdháileadh orthu ag pointe b).<br>d) An méid thuas a dheimhniú ag an Oifigeach Roinne ábhartha.<br>- Chuir an Garda Síochána poist ar tairiscint do 100 iarratasóir in 2019, agus glacadh le gach ceann díobh. Tháinig 99 Comhalta an Chúltaca i láthair le haghaidh oiliúna. B'ionann líon iomlán Chomhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána agus beagán de bhreis ar 400 amhail Nollaig 2020.<br>- Tá páirt lárnach ag an oiliúint chuí agus plean um chur i bhfeidhm a chur le chéile chun Cúltaca an Gharda Síochána a leabú.<br>- Thit chéad Choiste Maoirseachta Chúltaca an Gharda Síochána amach i Meán Fómhair 2020 agus rinne an Coimisinéir Cúnta, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal cathaoirleacht air.<br>- Leanann obair ar siúl ar an Lámhleabhar Beartas agus Nósanna Imeachta a athdhréachtú do Chúltaca an Gharda Síochána.<br>- Leanann obair ar aghaidh freisin ar an bPlean um Chur i bhFeidhm a fhorbairt do Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána.<br>- Thit cruinniú faisnéise amach an 5 Nollaig 2020 le comhaltaí ó Ghaillimh agus Maigh Eo/Ros Comáin/an Longfort trí fhíschomhdháil a thug eolas ar Mhodúil 1 agus 2 d'oiliúint an Chreata Póilíneachta Pobail.<br>- Nuair a chuirtear éifeachtaí Covid-19 san áireamh, ní soiléir cén t-amfhráma réalaíoch a bheadh i gceist chun Cúltaca an Gharda Síochána a leabú go hiomlán in 4 Roinn.<br>- Seo a leanas na figiúirí maidir le Cúltaca an Gharda Síochána an 31 Nollaig 2021-<br>Cathair Chorcaí 31<br>RCBÁC Theas-Láir 27<br>Maigh Eo 12<br>Gaillimh 24 |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **10/11 Comhpháirtíochtaí Pobail (Covid-19):**<br><br>(10) Breithniú a dhéanamh ar na heispéiris de chomhpháirtíochtaí pobail a forbraíodh agus a feabhsaíodh fad a bhí póilíniú á dhéanamh ar Covid-19.<br>(11) An méid a foghlaimíodh ó eispéiris de pháirtithe leasmhara a chur le chéile agus treoirlínte a fhorbairt do rannpháirtíocht fheabhsaithe as seo amach.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Chuir Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal le chéile ina dtugtar cuntas ar dhea-chleachtais a forbraíodh agus a feabhsaíodh go náisiúnta i rith Covid-19.<br>- Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag an nGarda Síochána ar conas is féidir dea-chleachtas a chur i bhfeidhm as seo amach. I measc roinnt samplaí, tá an méid seo a leanas:<br>o Cruthaíodh clár i gceantair áirithe chun barr feabhais a chur ar an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána do dhaoine aosta agus do bhaill leochaileacha dár bpobal, ní hamháin i rith na timpeallachta reatha, ach amach anseo freisin.<br>o Rinne Gardaí teagmháil le grúpa ionaid feola inar bhain roinnt fostaithe torthaí dearfacha amach. Scaip siad ábhar aistrithe agus chas siad le hionadaithe na n-oibrithe agus leis an mbainistíocht. Rinne Gardaí a bhfuil Polainnis, Portaingéilis agus teangacha eile Oifigigh Cheantair ó na ceantair ábhartha a thionlacan go dtí na hionaid feola leis na hoibrithe a spreagadh cloí le treoirlínte an Rialtais. Tugadh éifeacht dhearfach sna pobail a bhí i gceist faoi deara láithreach.<br>o Bunaíodh Foireann Leanúnachais Gnó in áiteanna i gCathair Bhaile Átha Cliath chun na teagmhálaithe a lárú a fuarthas i rith phaindéim Covid-19 agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na grúpaí seo. Cheadaithe seo do chomhaltaí cúnamh, treoir agus tacaíocht a sholáthar, mar shampla, maidir le bearta scartha shóisialta shábháilte agus pleananna sráide chun líonta sábháilte sluaite a choimeád.<br>o Bhí baint ag Gardaí le teachtaireachtaí eolais Gaeilge agus Béarla a sholáthar gach seachtain don phobal trí Raidió na Gaeltachta, Highland Radio agus Ocean FM a chuir an pobal ar an eolas ar na srianta, a mhínigh na céimeanna, baint na srianta, na cionta agus na fadhbanna áitiúla a bhí ar Ghardaí i rith na tréimhse, sáruithe, cóisirí, cóisirí trá, taisteal etc.<br>- Bhunaigh Gardaí naisc le cógaslanna i measc Ranna áirithe ag féachaint le cógas riachtanach oidis a sheachadadh chucu siúd a raibh clutharú nó féinaonrú á dhéanamh acu nó iad siúd a chónaíonn leo féin. |
| **12 Comhpháirtíocht Pobail:**<br><br>Taighde a dhéanamh ar dhea-chleachtas ó dhlínsí eile (Ráithe 3), agus tús a chur le treoirlínte a fhorbairt do chomhpháirtíochtaí pobail (Ráithe 4).<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✘ | - Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar dhea-chleachtas i ndlínsí eile.<br>- Rinne an Coimisinéir Cúnta, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht an Phobail paraiméadair a dhréachtú faoinar cheart treoirlínte le haghaidh Comhpháirtíochtaí Pobail a fhorbairt agus roinnfear seo leis an bhFoireann Ceannaireachta Sinsearaí (FCS) sula bhforbrófar iad. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
| --- | --- |
| **13 Rannpháirtíocht sa Phobal (Covid-19):**<br><br>Idirchaidreamh réamhghníomhach agus dearfach a dhéanamh le gach pobal i rith shrianta Covid-19, cuairt a thabhairt ar áiteanna cónaithe daoine breacaosta agus leochaileacha san áireamh lena chinntiú go raibh siad sábháilte agus le soláthar seirbhíse do bhia bunriachtanach, breosla agus soláthairtí leighis a sholáthar dóibh.<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Cuireadh tuarascáil le chéile chun cásanna dearfacha agus réamhghníomhacha de rannpháirtíocht i rith Covid-19 a léiriú. Leanann an Garda Síochána le hidirchaidreamh réamhghníomhach agus dearfach a dhéanamh leis an bpobal, agus ag oiriúnú do na rialacháin athraithe maidir le Covid-19.<br>- (Ba cheart an sprioc seo a léamh i gcomhar le Spriocanna 7, 10 agus 11 agus 13). |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **20 Comhairle faoi Chosc na Coireachta:**<br><br>Comhairle faoi chosc na coireachta a sholáthar a théann i ngleic le rioscaí níos airde a bhaineann le calaois agus goid i gcomhthéacs athruithe timpeallachta de dhroim Covid-19.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Thug an Garda Síochána faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Straitéis um Chosc agus Laghdú na Coireachta 2017 in 2019. Cuimsíodh roinnt moltaí san athbhreithniú a bhí le cur chun cinn in 2020.<br>- Tá an Garda Síochána ag freagairt ar bhonn míosúil do threochtaí coireachta agus tá iad seo á gcur in iúl don phobal sa mhullach ar chomhairle faoi chosc na coireachta. Déantar seo trí ghrafaicí eolais nó faisnéise trí na meáin shóisialta agus ar shuíomhanna ar líne, ar an raidió agus i nuachtáin.<br>- I measc na bhfeachtas, tá: goid rothar (Meitheamh), goid carbhán (Iúil), goid gutháin phóca (Lúnasa), goid madraí (Lúnasa), calaois agus coireacht gheilleagrach (Meán Fómhair), Nollaig (mí na Nollag).<br>- Tugadh limistéir éagsúla spéise chun solais gach mí, comhairle ar ghoid carbhán, goid madraí agus goid gutháin phóca ina measc. Scaip Oifig Preasa an Gharda Síochána eolas ábhartha maidir leis an saghas seo coireachta trí Oifig Preasa an Gharda Síochána agus cainéil mheán sóisialta.<br>- Tá iarrachtaí á ndéanamh calaois agus coireacht gheilleagrach a thabhairt chun solais agus comhairle a chur ar fáil faoi na scéimeanna ilchineálacha calaoise agus faoi conas cur isteach orthu ar bhonn laethúil/seachtainiúil, calaois Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), calaois ghrá, calaois ar líne ina measc.<br>- Tá pleananna i bhfeidhm chun oifig lánfheidhmiúil um chosc na calaoise/chur isteach ar chalaoise a bhunú laistigh de Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (an GNECB).<br>- Leanann an Garda Síochána le ceisteanna ábhartha a thabhairt chun solais ar Crimecall i rith ghéarchéim Covid-19.<br>- Seoladh Seachtain Náisiúnta na Rothar an 19 Meán Fómhair agus tá sé dírithe ar a mheabhrú do rothaithe bheith níos réamhchúraí maidir le sábháilteacht rothair. Scaoileadh roinnt grafaicí faisnéise, an méid seo a leanas ina measc<br>• Páirceáil go cliste<br>• Goid rothar, agus<br>• Rothair a ghoid ó sheideanna.<br>- Scaipeadh grafaicí faisnéise slándála ar an bpobal lena chinntiú go mbítear forairdeallach nuair a bhítear ag déileáil le glaoiteoirí gan choinne.<br>- D'fhorbair  Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána (GNCPU) grafaic faisnéise chun béim a leagan ar shlándáil feithiclí i suíomh miondíola.<br>- Rinne an GNCPU cur i láthair ag an bhFóram Náisiúnta Tithíochta Tionóntaí 2020 ar chosc na coireachta laistigh de phobail. Cuireadh comhairle ar fáil ar iompar frithshóisialta a laghdú agus cuireadh rannpháirtithe ar an eolas faoin eolas ar chosc na coireachta atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána agus ar chainéil mheán sóisialta.<br>- Rinne an GNCPU modúl maidir le Cosc na Coireachta trí Dhearadh Comhshaoil do sheimineáir oiliúna Aoisbhá Éireann a fhorbairt agus a chur i láthair don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ailtirí áitiúla, pleanálaithe agus forbróirí.<br>Tugadh teagmhais atá ag titim amach níos minice chun solais ina ndírítear (go fisiciúil) ar dhaoine a bhfuil institiúidí airgeadais á bhfágáil acu agus suimeanna móra airgid acu, i bhfíseán um chosc na coireachta a chuir Oifig Preasa an Gharda Síochána le chéile le cabhair ón GNCPU. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **21 An Straitéis um Laghdú ar Ionsaithe sa Phobal:**<br><br>Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár Straitéis um Laghdú ar Ionsaithe sa Phobal 2019-2021 ar aon dul leis an timpeallacht atá ag teacht chun cinn. | - D'fhorbair an Garda Síochána "an Straitéis um Laghdú ar Ionsaithe sa Phobal 2019-2021" in 2019 chun dul i ngleic le hardú a tugadh faoi deara ar ionsaithe. Forbraíodh an Straitéis bunaithe ar thaighde ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.<br>- Tá an Straitéis á cur i bhfeidhm trí ordú oibríochtúil, 'Oibríocht Soteria'.<br>- Tá cur i bhfeidhm ar bun go leanúnach trí spriocghníomhaíochtaí póilíneachta agus trí idirchaidreamh le comhpháirtithe seachtracha.<br>- Forbraíodh ábhar faisnéisithe Oibríocht Soteria, grafaic faisnéise san áireamh maidir le hionsaithe. Seoladh iad seo chuig gach Roinn ar ríomhphost go scaipfear iad.<br>- Rinneadh an Tuairisc nua Míosúil Roinne agus an treoir maidir le conas sonraí a chur le chéile a scaipeadh go seolfar amach iad.<br>- Forbraíodh paca nua agus feabhsaithe Roinne do gach comhalta i dtaca leis an Straitéis agus Oibríocht Soteria lena scaipeadh.<br>- Rinne cur i bhfeidhm maidir leis 'an Straitéis leasaithe um Laghdú ar Ionsaithe sa Phobal' dul chun cinn agus seoladh an chéad tuarascáil bhliantúil ar aghaidh lena gcur i gcrích<br>- Rinneadh athbhreithniú ar an Straitéis um Laghdú ar Ionsaithe chun tionchar Covid-19 ar a cur i bhfeidhm a chur san áireamh. |
| **22 An Straitéis um Chosc na Coireachta:**<br><br>Comhaontú ar phlean gníomhaíochta a eascraíonn as athbhreithniú ar an straitéis um chosc na coireachta (Ráithe 3) agus tús a chur le cur i bhfeidhm (Ráithe 4),<br><br>**NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✗** | - Is é aidhm na Straitéise um Chosc na Coireachta coireacht agus eagla roimh choireacht a laghdú trí ghníomhaíochtaí athstiúrtha ilghníomhaireachta, comhairle ar chosc na coireachta a sholáthar agus freagairt do bhagairtí atá ag teacht chun cinn.<br>- Nuashonraíodh an Straitéis nua um Chosc agus Laghdú na Coireachta ag deireadh 2020 le Plean Gníomhaíochta/um Chur i bhFeidhm a chur san áireamh, atá á mheas faoi láthair. |
| **23/24 Feasacht agus Cosc ar Dhrugaí:**<br><br>(23) Comhairle ar fheasacht ar dhrugaí um chosc na coireachta a chur ar fáil do mhic léinn tríú leibhéal (Ráithe 4).<br><br>(24) Breithniú a dhéanamh ar fheachtas meán sóisialta a chur i ngníomh (Ráithe 4).<br><br>**NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✗** | - Tá mar chuspóir ag an bhfeachtas feasachta ar dhrugaí feasacht a mhúscailt ar úsáid drugaí agus é a chosc trí chomhairle faoi chosc a sholáthar do mhic léinn tríú leibhéal.<br>- Níorbh fhéidir an feachtas a sheoladh i mbliana mar gheall ar Covid-19. Seolfar é in 2021. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **25 An Fóram Goidte Miotail agus Goidte Miondíola:**<br><br>An Fóram Goidte Miotail agus an Fóram Goidte Miondíola a thionól ar a laghad uair amháin i rith na bliana mar mheicníocht um chosc na coireachta agus breithniú a dhéanamh ar 'cruinniú fíorúil', más gá (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Tugtar páirtithe leasmhara a ndearna goid miotail agus miondíola difear dóibh le chéile san Fhóram Goidte Miotail agus san Fhóram Goidte Miondíola chun dul i ngleic leis an dá shaincheist.<br>- Mar gheall ar Covid-19, ní fhéadfaí cruinnithe i bpearsan a chur ar siúl, ach leanadh le hidirghníomhú le páirtithe leasmhara, áfach, trí úsáid a bhaint as modhanna eile cumarsáide, cosúil le glaonna comhdhála agus glaonna ar líne. |
| **26 Moltaí faoi Atreorú Óige:**<br><br>An chéad chéim eile de na Moltaí a rinneadh i Moltaí an Scrúdaithe ar Atreorú Óige a chur i bhfeidhm<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Foilsíodh scrúdú ar Scéim Atreoraithe Óige an Gharda Síochána, 'Scrúdú ar Atreoruithe Óige a measadh a bhí Mí-Oiriúnach lena gCeadú Isteach sa Chlár Athstiúrtha', in 2019 a thug cuntas ar roinnt moltaí chun feabhas a chur ar obair na heagraíochta sa limistéar seo. Go dtí seo, chuathas i mbun gnímh i leith roinnt moltaí agus leantar le hiad a chur chun cinn, agus déantar na gníomhaíochtaí a chomhtháthú anois le gníomhartha eile, cosúil le Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDB) a ailíniú le Samhail Oibriúcháin agus an Straitéis Ceartais i leith an Aosa Óig 2020-2026 de chuid an Gharda Síochána.<br>- As na 39 moladh bunúil ón scrúdú, bhí 79% de na moltaí críochnaithe ag deireadh 2020. |
| **40 Coireacht Fuatha Tríú Páirtí a Thabhairt le Fios:**<br><br>Próiseas a fhorbairt chun atreorú tríú páirtí a éascú chun chun Coireacht Fuatha agus Teagmhais Fuatha a thabhairt le fios (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Thit comhairliúchán amach i rith 2020 le príomhghrúpaí páirtithe leasmhara lena chinntiú go n-éascaítear próiseas Atreoraithe Tríú Páirtí Coireachta Fuatha chun deiseanna a bharrfheabhsú d'íospartaigh na coireachta fuatha chun tuairiscí a dhéanamh leis an nGarda Síochána.<br>- I ndiaidh comhairle dlí a fháil, leasaíodh Meabhrán Tuisceana (MT) idir an Garda Síochána agus atreoraithe tríú páirtí Coireachta Fuatha agus tá sé á thabhairt chun críche faoi láthair.<br>- Tacóidh an MT seo leis na cáipéisí ábhartha beartais agus nósanna imeachta a chríochnú. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **41 Comhairle faoi Choireacht Mhionlaigh a Chosc: :**<br><br>Comhairle ar chosc na coireachta a fhorbairt do phobail éagsúla, mhionlaigh agus pobail ar deacair iad a aimsiú. (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Sprioc rollach a bhí ann seo agus forbraíodh tionscnaimh éagsúla i rith 2020.<br>- Cuireadh comhairle faoi chosc na coireachta maidir le hábhair cosúil le sábháilteacht phearsanta, coireacht fuatha, deiseanna bréagacha/ camscéime agus saincheisteanna slándála eile ar fáil, faoi mar a iarradh, do ghrúpaí éagsúla páirtithe leasmhara, do phobail éagsúla, mhionlaigh agus pobail ar deacair iad a aimsiú ina measc, ar bhonn leanúnach i rith 2020.<br>- Seo a leanas roinnt samplaí:<br>o Cruthaíodh ábhar um chosc na coireachta maidir le slándáil bhaile i rith Covid-19 agus d'aistrigh Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh (GNDIU) é isteach in 12 theanga. Cuireadh an t-eolas seo ar fáil ar na meáin shóisialta agus ar an láithreán gréasáin Garda.ie.<br>o Cuireadh comhairle um chosc na coireachta ar fáil d'Ionadaithe Pobail na Brasaíle in RCBÁC Thuaidh-Láir i rith cruinniú i Meán Fómhair 2020.<br>o Scaipeadh comhairle faoi Covid-19 ar Ionaid Soláthair Dhírigh.<br>o Foilsíodh físeán ar Covid-19, a chomhsholáthair an Garda Síochána agus grúpaí ionadaíocha an Lucht Siúil.<br>- Tá bileoga maidir le Coireacht Fuatha á bhforbairt faoi láthair. Áireofar leis seo comhairle ar chosc, tuairisciú agus inrochtaineacht ar an nGarda Síochána agus seirbhísí tacaíochta. |
| **42 Coireacht Fuatha ar Líne a Thabhairt le Fios**<br><br>Leanúint le próiseas a fhorbairt lena éascú Coireacht Fuatha agus Teagmhais Fuatha a thabhairt le fios (Ráithe 4)..<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Cuireadh tús in 2020 le cruinnithe idir an GNDIU agus Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána leis an meicníocht is cuí a dheimhniú chun tuairisciú ar líne a éascú chun coireacht fuatha ag íospartaigh a bharrfheabhsú.<br>- Comhaontaíodh ar fhoirm/ mhodh tuairiscithe ar líne le Cumarsáid Chorparáideach agus rinne an GNDIU Tástáil ar Ghlacadh Úsáideoirí.<br>- Cuimsíodh na leasuithe deiridh slándála i gcomhairle leis na forbróirí agus Oifig Preasa an Gharda Síochána.<br>- Bhí leagan deiridh de choireacht fuatha agus teagmhais fuatha a thuairisciú ar líne réidh le cur chun feidhme amhail Samhain 2020. Beartaíodh seoladh na meicníochta tuairiscithe mar chuid d'fheachtas poiblíochta Coireachta Fuatha a thosódh i Ráithe 1 2021. |
| **43 Oiliúint ar Choireacht Fuatha:**<br><br>Clár oiliúna ar choireacht fuatha a fhorbairt (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Leanadh le hobair in 2020 ar Mhodúil 1-3 d'Oiliúint ar Éagsúlacht agus Coireacht Fuatha a fhorbairt.<br>o Oiliúint ar Choireacht Fuatha,<br>o Oiliúint ar Líne ar Éagsúlacht agus Feasacht Chultúrtha,<br>o Oiliúint ar Líne ar Cheannaireacht in Éagsúlacht<br>- Cuireadh tús le go leor den obair phraiticiúil i Meán Fómhair. Cuireadh trí chruinniú ar líne ar bun le forbróirí Mhodúl 1. Taifeadadh ábhar físeáin maidir le heispéiris de Choireacht Fuatha i measc ionadaithe ó 5 ghrúpa éagsúlachta a bhí le cuimsiú sa Mhodúl. Bailíodh a mhacasamhail d'ábhar le Seirbhís Idirghabhála an Lucht Siúil. Cuireadh cruinniú ar siúl le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas an 23 Meán Fómhair 2020 maidir leis an aighneacht le haghaidh Mhodúl 2.<br>- Rinneadh athbhreithniú ar ábhar Mhodúil 1 agus 2 le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i Samhain. Cé gur críochnaíodh Modúl 2, cuireadh moill ar na gnéithe deiridh aiseolais a bhailiú agus na codanna deireanacha de Mhodúl 1 a thaifeadadh mar gheall ar shrianta nua Covid-19 i mí na Nollag. |


| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|

**44 Cionta Tarrthála:**

Monatóireacht agus sainaithint a dhéanamh agus dul i mbun an ghnímh chuí ag féachaint le díriú ar phríomhchionta tarrthála: crios sábhála, tiomáint ar luas, guthán póca agus tiomáint faoi thionchar an óil.

**BAINEADH AN SPRIOC ✔**

- Lean an Garda Síochána le tús áite a thabhairt in 2020 do Chionta Tarrthála a bhrath.
- Seoladh Feachtas  nua um Shábháilteacht ar Bhóithre, a chuir comhaltaí de na Seirbhísí Éigeandála i láthair, an 18 Nollaig 2020 mar fhreagairt d'ardú ar bhásanna ar an mbóthar.
- Tugadh faoi oibríochtaí gach mí i rith 2020 a dhírigh ar phríomhchionta tarrthála, cosúil le criosanna sábhála, tiomáint ar luas, gutháin phóca agus tiomáint faoi thionchar an óil. Faoi mar a tugadh faoi deara i dtuarascáil ar AFB an Phlean Póilíneachta, tá meánlíon míosúil an Gharda Síochána do thréimhse reatha na straitéise, 2019-2021, 19% níos airde ná meán míosúil na heagraíochta i rith 2016-2018.




Sonraí a fhaide le Nollaig amhail an 7/1/2021

| | |
|---|---|
| Lifesaver Offences (Intercept) | Cionta Tarrthála (Gabháil) |
| Jan | Ean |
| Mar | Már |
| May | Bea |
| Jul | Iúi |
| Sep | M.F. |
| Nov | Sam |
| Incidents | Teagmhais |
| Trend Average | Meántreocht |
| Natural Performance Limit | Teorainn Feidhmíochta Nádúartha |
| Threshold | Tairseach |

**45 Tástáil ar Thiománaithe faoi Thionchar an Óil:**

Feachtas oideachais a fhorbairt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chur in iúl a bhaolaí atá sé tiomáint faoi thionchar an óil.

**BAINEADH AN SPRIOC ✔**

- Rinne an Garda Síochána idirchaidreamh in 2020 leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun straitéis a fhorbairt chun oideachas a chur ar úsáideoirí bóithre ar an mbaol a chruthaíonn tiomáint faoi thionchar an óil i rith an tsamhraidh.
- Tugadh faoi fheachtas meán náisiúnta roimh shaoire bhainc mhí an Mheithimh leis an mbaol a bhaineann le tiomáint faoi thionchar an óil a mheabhrú d'úsáideoirí bóithre.
- Mar fhreagairt don mhéadú ar bhásanna ar an mbóthar go dtí seo in 2020, bunaíodh meitheal leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun comhphlean a fhorbairt chun an treocht seo a chomhrac i rith Ráithe 4 2020.
- Cuireadh deighleog Phóilínithe Bóithre ar siúl ar "Crimecall" i Samhain maidir le feachtas an Gharda Síochána chun an líon daoine a laghdú atá ag tiomáint faoi thionchar an óil.
- Cuireadh feachtas Nollag ar siúl ón 4 Nollaig go dtí an 4 Eanáir agus cuireadh seoladh preasa ar siúl chun tús a chur leis an bhfeachtas. Rinneadh idirchaidreamh leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir le comhfheachtas meán agus oideachais a dhírigh ar thiomáint faoi thionchar an óil, a bhí le cur ar siúl ag an tráth céanna le feachtas an Gharda Síochána.

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **46 Tiománaithe Neamhthionlactha a Bhrath:**<br><br>Oibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun rochtain dhíreach a sholáthar ar an gcomhad ceadúnaithe Tiománaithe do gach stáisiún sonraí inaistrithe.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - D'oibrigh an Garda Síochána leis an Roinn Iompair in 2020 le rochtain dhíreach a sholáthar ar an gComhad Ceadúnaithe Tiománaithe do chomhaltaí túslíne trí na stáisiúin sonraí inaistrithe chun cabhrú le cionta tiomána a bhrath.<br>- Chomhaontaigh an tArd-Aighne i bprionsabal le sonraí a roinnt a chuimsítear i gCeadúnais Tiomána, seachas maidir leis an ngrianghraf.<br>- Rinneadh idirchaidreamh leis an Roinn Iompair, an Roinn Dlí agus Cirt, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Árachas Éireann chun an tionscadal seo a chur chun cinn. Céim I – uathaithint uimhirphlátaí (ANPR) a fhairsingiú – Críochnaíodh tástáil chéim 1 sa timpeallacht bheo agus baineadh torthaí dearfacha amach<br>- Céim II – Príomhshonraí a sholáthar do chúrsaí inaistrithe – API (Comhéadan Feidhmchláir) a fhorbairt. Tá obair ar siúl go leanúnach maidir leis an mbonneagar TF chun rochtain dhíreach ar na sonraí a éascú<br>- Céim III – Tá an socrú roinnte sonraí a aistriú chuig an bhfeidhmchlár nua ar bun go leanúnach. Tionscadal fadtéarmach é seo a nglacfaidh sé 12-24 mí lena chur i gcrích. |
| **47 Moltaí Crowe Horwath:**<br><br>Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta maidir le moltaí Thuarascáil Crowe Horwath a chur i bhfeidhm.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Seo a leanas stádas mholtaí Crowe Horwarth maidir le Póilíniú Bóithre a fheabhsú amhail dheireadh 2020:<br>  - 34 moladh<br>  - 26 dúnta<br>  - Tá 8 gcinn ar oscailt go fóill – teastaíonn comhoibriú i measc páirtithe leasmhara seachtracha ó 2 cheann<br>- Dúnadh 18 moladh, ar an iomlán, in 2020.<br>- Tá idirchaidreamh ar siúl go leanúnach le páirtithe leasmhara chun moltaí nach ndeachthas i ngleic leo a chur chun cinn. Tionscadail fhadtéarmacha iad seo ó thaobh cineáil de agus teastaíonn ionchur ó pháirtithe leasmhara uathu. Leanfar leis na moltaí a chur i bhfeidhm níos mó i rith 2021. |
| **48 An tAonad Bainistíochta Mórimeachtaí:**<br><br>Straitéis BMI, cáipéis bheartais agus nósanna imeachta a fhoilsiú (Ráithe 4).<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✗ | - In 2020, cuireadh obair chun cáipéis bheartais agus nósanna imeachta na straitéise náisiúnta Bainistíochta Mórimeachtaí ar fionraí in Iúil mar gheall ar an easpa acmhainní chun an tionscadal a chríochnú.<br>- Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Aonad Náisiúnta Bainistíochta Mórimeachtaí i gcomhthéacs na Samhla Oibriúcháin, a chumasóidh liosta leithdháilte acmhainní fianaisebhunaithe a dhearadh don Aonad Bainistíochta Mórimeachtaí agus Oird Phoiblí. |
| **49 Oibríocht Páistí:**<br><br>Straitéis um thabhairt isteach a fhorbairt d'Oibríocht Páistí (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Feachtas feasachta é Oibríocht Páistí a bhaineann le sábháilteacht suíochán páiste.<br>- Forbraíodh straitéis um thabhairt isteach d'Oibríocht Páistí.<br>- Beartaítear, nuair a bheidh na srianta bainte, agus nuair a cheadóidh na scoileanna go bhfillfidh na Gardaí Pobail, go gcuirtear Lá Gnímh ar siúl i ngach scoileanna chun Oibríocht Páistí a thabhairt isteach.<br>- Rinneadh athbhreithniú ar cháipéisíocht atá le húsáid fad atá Oibríocht Páistí á tabhairt isteach agus cuireadh póstaer nua le chéile dá thoradh sin ar a léirítear cineál éagsúil shochaí na hÉireann.<br>- Forbraíodh cuir i láthair atá le cur ar siúl mar chuid d'Oibríocht Páistí freisin. |


| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|

**50 Faisnéis faoi Bhóithre a Bhailiú:**

Monatóireacht a dhéanamh ar an líon iontrálacha faisnéise a chruthaigh an pearsanra um póilíniú bóithre.

BAINEADH AN SPRIOC ✔

- Tá an leibhéal iontrálacha a rinne comhaltaí um Póilíniú Bóithre i bhfad níos mó ná na spriocanna míosúla (799) i gcónaí.
- Is ionann an meánleibheál i rith 2020 agus 1354 taifead a dhéanamh sa mhí, ba é an spriocleibhéal 799 sa mhí.




Sonraí a fhaide le Nollaig amhail an 7/1/2021

| | |
|---|---|
| Intelligence Records Created by Traffic | Taifid Faisnéis a Chruthaigh Trácht |
| Jan | Ean |
| Mar | Már |
| May | Bea |
| Jul | Iúi |
| Sep | M.F. |
| Nov | Sam |
| Intelligence | Faisnéis |
| Trend Average | Meántreocht |
| Natural Performance Limit | Teorainn Feidhmíochta Nádúartha |
| Threshold | Tairseach |

**51 Tiománaithe Dícháilithe/ar Theip orthu Ceadúnais Tiomána a Thabhairt Suas:**

Oibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun acmhainn a fhorbairt chun díriú níos éifeachtaí ar dhaoine aonair atá ag tiomáint fad atá siad dícháilithe agus orthu siúd ar theip orthu ceadúnais tiomána a thabhairt suas do na cúirteanna.

BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH

- Chuir sé Roinn tús in Eanáir le clár píolótach maidir le daoine a dícháilíodh mar thoradh ar phointí pionóis ar theip orthu a gceadúnas tiomána a thabhairt suas.
- Thit athbhreithniú ar an bpróiseas seo amach i Márta ag féachaint leis an bpróiseas a chomhdhlúthú agus réiteach inoibrithe a sholáthar do Ranna eile.
- Braitheann dul chun cinn an chuspóra seo go mór ar chúnamh páirtithe leasmhara seachtracha, an Roinn iompair agus an tSeirbhís Chúirteanna, ach go háirithe.
- Tá an Garda Síochána ag oibriú leis an Roinn Iompair le rochtain dhíreach a sholáthar ar an gComhad Ceadúnaithe Tiománaithe do chomhaltaí túslíne trí na stáisiúin sonraí inaistrithe chun cabhrú le cionta tiomána a bhrath.
- Chumasaigh gléasanna móibíleacha a thabhairt isteach Tiomáint fad atáthar Dícháilithe (DWD) a shainaithint.
- Tá saincheist leanúnach i gceist go fóill maidir leis an teip a shainaithint ar cheadúnais tiomána a thabhairt suas i ndiaidh dícháiliú cúirte. Tá an Garda Síochána ag oibriú leis an tSeirbhís Chúirteanna, an Roinn iompair agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun réiteach a thabhairt chun críche. Cruthaíonn sonraí cúirte agus aitheantas an Cheadúnais Tiomána a bhailiú dúshlán breithniú ag an bpointe teagmhála tosaigh agus tá breithniú á dhéanamh air seo faoi láthair.
- Tá measúnú á dhéanamh ar réitigh i gcomhthéacs an tionscadail soghluaisteachta chun feabhas a chur ar an bhfáil atá ar eolas ar cheadúnais tiomána ag an nGarda Síochána

## SEIRBHÍSÍ TRASEAGRAÍOCHTA

**Príomhtháscairí Feidhmíochta**

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **15 Tacaíocht le hAnailís Sonraí:**<br><br>Tacaíochtaí cuí anailíseacha sonraí a chur i bhfeidhm chun riachtanais oibríochtúla nua agus leanúnacha a éascú.<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✗ | - Leanann anailísíocht le hardluach a chur le hOibríochtaí (ar nós Faoiseamh, Navigation agus Fanacht), imscrúduithe agus le feidhmíocht oibríochtúil a thomhas.<br>- Leanann aghaidh a thabhairt ar an éileamh atá ag dul i méid, áfach, de bheith ina shaincheist mar gheall gur tháinig laghdú ar an líon anailísithe agus ar an acmhainn, ar an iomlán.<br>- Cé go bhfuil bearna fheiceálach agus atá ag dul i méid idir éileamh oibríochtúil agus acmhainn Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána (GSAS), tugadh sraith iomlán acmhainní tuairiscithe isteach mar fhreagairt do Covid-19, mar shampla, tuarascálacha a ghiniúint go huathoibríoch a bhaineann eolas ó PULSE.<br>- I bhformhór na gcásanna eile, áfach, caithfear eolas a ghiniúint de láimh.<br>- Tugtar cuntas san 'Fhís Faisnéise agus Teicneolaíochta' ar phleananna chun éiceachóras sonraí an Gharda Síochána, an bonneagar agus na hacmhainní a theastaíonn san áireamh d'anailísíocht sa Gharda Síochána. Cheadaigh Feidhmeannacht an Gharda Síochána é in Iúil.<br>- Leantar le hiarrachtaí a dhéanamh chun comórtais earcaíochta agus ardaithe céime a bhrostú ar ghráid éagsúla ar fud an GSAS. |
| **29 An Córas Bainistíochta Imscrúduithe (IMS):**<br><br>Measúnú a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta Imscrúduithe (IMS) a chur i bhfeidhm go dtí seo.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✓ | - Córas atá sa Chóras Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS) a thacaíonn le himscrúduithe a bhainistiú. Cuireadh gníomhaíochtaí imlonnaithe IMS do láithreacha Chéim 3 (an Clár agus Cill Mhantáin) ar fionraí mar gheall ar shrianta reatha Covid-19 agus mar gheall gur cuireadh oiliúint ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ar fionraí.<br>- Cuireadh tús le plean imlonnaithe IMS a fhorbairt do Shainrannóga.<br>- Leanann obair ar siúl le nuashonruithe córais a fhorbairt agus beartaítear scaoileadh teicniúil a dhéanamh in Eanáir agus Márta 2021.<br>- Cuireadh tuarascáil mheasúnaithe IMS faoi bhráid na Feidhmeannachta le breithniú a dhéanamh air i mí na Nollag 2020.<br>- D'iarr an Leas-Choimisinéir, Straitéis, Rialachas agus Feidhmíocht (SGP) go ndéantar cobhsaíocht agus acmhainn an chórais, idirspleáchas an chórais agus idirspleáchas le córais eile agus tionchar na Samhla Oibriúcháin a bhreithniú agus a phlé sa tuarascáil. Táthar ag dul i ngleic leis seo anois.<br>- Riachtanas fadtéarmach é an Oifig Náisiúnta Tacaíochta IMS don eagraíocht chun tacú le forbairt agus teacht chun cinn leictreonach an chórais agus le gnéithe breise a chomhtháthú, an taifead coimeádta leictreonach san áireamh amach anseo.<br>- Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag Bainistiú Eastáit le OOP maidir le spás oifige ar Shráid Chéipil a thiontú ina sheomra atá cumasaithe ó thaobh TF de agus ina bhfuil acmhainn do 20 comhalta. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **55 An Straitéis um Chearta Daonna:**<br><br>Na gníomhartha a chur i bhfeidhm a chuimsítear sa Straitéis Cearta Daonna<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - D'fhorbair an Garda Síochána Creatcháipéis um Chearta Daonna, Cáipéis Treorach Oibríochtúil um Chearta Daonna agus Uirlis Scagthástála um Chearta Daonna in 2019.<br>- Rinneadh Straitéis um Chearta Daonna a fhorbairt, a cheadú agus a sheoladh i Nollaig 2019.<br>- Cuireadh roinnt gníomhartha a chuimsítear sa Straitéis i bhfeidhm i gcaitheamh 2020:<br><br>o Seoladh an chéad athbhreithniú ar an gCreat um Chearta Daonna chuig comhairleoir seachtrach go ndéanfaidh sí breithniú air. A luaithe a bheidh seo críochnaithe, tabharfar an próiseas athbhreithnithe chun críche agus cuirfear faoi bhráid an Choimisinéara é.<br>o Cuireadh Foirm Mheasúnaithe Riosca an Taifid Choimeádta, anuas ar an Treoir ón gCeanncheathrú a ghabh leis, faoi bhráid an Gharda Síochána. Tá breithniú á dhéanamh faoi láthair ar an nós imeachta cuí chun é a eisiúint.<br>o Seoladh an Leathanach Tairsí do Chearta Daonna agus is é an chéad chéim é seo a léiriú ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána le trédhearcacht a chinntiú. Tá cead á lorg ó chomhpháirtithe seachtracha chun a n-ábhar a úsáid san fhóram poiblí seo.<br>o Cuireadh an pacáiste oiliúna d'Fheasacht ar Uathachas ar fáil do Choláiste an Gharda Síochána. Oibreoidh Coláiste an Gharda Síochána anois leis an roinn TF in AsIAm (grúpa tacaíochta Uathachais) lena chinntiú go n-úsáidtear é ar chóras LMS an Gharda Síochána. Déanfaidh an Rannóg um Chearta Daonna monatóireacht agus tuairisciú ar thoradh na hoiliúna seo.<br>o Tá idirchaidreamh leanúnach ar siúl leis an gCoiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta Daonna agus leis an mBord Bainistíochta Eitice agus Cultúir um Chearta Daonna. Tá ceannas glactha ag an Rannóg um Chearta Daonna ar an ról rúnaíochta don dá cheann de na Boird seo.<br>o Chríochnaigh an Rannóg um Chearta Daonna a n-athbhreithniú ar an mbeartas don Gharda Síochána maidir le hAthshealbhuithe agus Díshealbhuithe. Seoladh é seo ar ais chuig an úinéir Beartais go ndéanfaidh siad breithniú breise air.<br>o Maidir le coimeád ar an eolas ar Chearta Daonna, ghlac cúigear ball foirne ón Rannóg um Chearta Daonna agus ó Choireacht Dlíthiúil páirt i gCúrsa um Chearta Daonna agus Póilíneacht i gColáistí Cathrach. Thit an cúrsa seo amach go fíorúil i gcaitheamh dhá sheachtain déag agus críochnófar é go luath in Eanáir 2021. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **56/57 Sonraí faoi Fhórsa a Úsáid a Chur i dTaifead:**<br><br>(56) Próiseas eatramhach TF a fhorbairt chun tacú le húsáid fórsa a thuairisciú (ceithre chatagóir) agus foilsiú a thosú (Ráithe 1).<br>(57) Cur chuige comhaontaithe agus réiteach cuimsitheach TF a fhorbairt (Ráithe 4) le foilsiú iomlán in 2021 a cheadú.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Scaoileadh córas nua uathoibrithe Taifeadta Úsáide Fórsa an 18 Deireadh Fómhair 2020.<br>- Tá an córas nua cuimsithe isteach in PULSE agus dearadh é i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha [Beartaíocht Thromchúiseach agus Coireacht Eagraithe (STOC)/an tAonad Náisiúnta Oird Phoiblí (NPOU)]<br>- Tá an córas nua ag oibriú go maith sa timpeallacht bheo/oibríochtúil, agus cruthaíodh breis agus 800 taifead ar fhórsa a úsáid ó cuireadh an córas i bhfeidhm go beo.<br>- Rinneadh cur i láthair a chur ar siúl do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) a léirigh cumas an chórais nua. Fuarthas aiseolas an-dearfach ón GSOC i dtaca leis an gcóras nua. Cuirfear an GSOC san áireamh i gcainteanna mar cheann de na páirtithe leasmhara ainmnithe a gcuirfear teagmhais airm thine in iúl dóibh go huathoibríoch (trí ríomhphost a ghintear ar PULSE).<br>- Forbraíodh pacáiste cuimsitheach ríomhfhoghlama do chomhaltaí céim mhaoirseachta. Tá an t-ar fáil ríomhfhoghlama seo ar fáil ar LMS an Gharda Síochána.<br>- Forbraíodh grafaic faisnéise ar úsáid fórsa a thaifeadadh i gcomhar leis an Oifig um Chlaochlú Straitéiseach (STO) agus scaipeadh é ar an eagraíocht iomlán.<br>- Cuireadh físeán teagaisc maidir le fórsa a úsáid a chur i dtaifead ar Thairseach an Gharda Síochána a bheidh ar fáil do na comhaltaí go léir.<br>- Tá breithniú á dhéanamh ar leasuithe ar na Treoracha ábhartha ón gCeanncheathrú maidir leis na roghanna nua maidir le fórsa a úsáid atá le cur i dtaifead.<br>- Cuireadh cuir i láthair ar siúl leis na Cumainn agus na hAontais ábhartha. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **58 An Cód Eitice a Leabú:**<br><br>Gníomhaíochtaí a shainaithint chun an Cód Eitice (Ráithe 4) a leabú níos mó agus i gcomhthéacs ár bhfreagartha do Covid-19 san áireamh.<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Foilsíodh an Straitéis Eitice 2019-2021 ar Thairseach an Gharda Síochána i mBealtaine 2020.<br>- Scaipeadh 10,000 mata luchóige ar a léirítear Modúl Cinnteoireachta an Gharda Síochána (GDMM) ar fud na heagraíochta.<br>- Cuireadh 500 leabhrán an Chóid Eitice i gcló arís eile agus tá siad á scaipeadh faoi láthair.<br>- Rinne Biúró Cultúir agus Eitice an Gharda Síochána (GECB) idirchaidreamh dearfach leis na Ranna agus na Rannóga go léir maidir le bunachar sonraí an Chóid Eitice agus tá torthaí á mbailiú, á n-anailísiú agus á dtabhairt le chéile leis an mbunachar sonraí bailíochtaithe.<br>- Tugann na figiúirí reatha le fios gur fhreastail 91% den eagraíocht ar cheardlann an Chóid Eitice agus gur shínigh siad dearbhú an Chóid Eitice.<br>- Is ionann seo agus méadú suntasach aníos ó fhigiúirí a cuireadh ar fáil roimhe seo i Márta 2020 (freastal 84% agus síniú 77%).<br>- Leantar le clárú leis an gCód Eitice a léiriú trí phointí truicir i ngairmeacha beatha phearsanra an Gharda Síochána, i.e. iontrálaithe nua, ardú céime agus gléas faoi úinéireacht an stáit a eisiúint/a uasghrádú.<br>- Gheall an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ADFD chun treoir a eisiúint don Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna lena chinntiú go ndéanann foireann an Gharda Síochána an Cód Eitice a shíniú arís sula ndéanfar iad a aistriú agus nuair a bhronntar ardú céime inmheánach orthu, ar aon dul leis an bpróiseas reatha atá i gceist do chomhaltaí an Gharda Síochána.<br>- Tá modúl ríomhfhoghlama de chuid Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána (ina bhfuil gné le GECB COE) á fhorbairt faoi láthair ag an Mol Digiteach i gColáiste an Gharda Síochána<br>- Scaipeadh láinnéir ar a dtaispeántar naoi gcaighdeán an Chóid Eitice ar fud na heagraíochta |
| **59 Oiliúint ar Chearta Daonna:**<br><br>Clár oiliúna "Póilíneacht atá Bunaithe ar Chearta Daonna" a fhorbairt (Ráithe 4).<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Rinne Ollscoil Luimnigh (UL) agus an Garda Síochána cúrsa saincheaptha maidir le 'Dlí Póilíneachta agus Ceart Daonna in Éirinn', a bheidh ar siúl go fíorúil i gcaitheamh tréimhse dhá sheachtain déag.<br>- Déanfar an cúrsa a ghrádú agus bronnfar gradam ar na rannpháirtithe rathúla go léir ar chríochnú an chúrsa. Tosófar an cúrsa an 25 Eanáir 2021.<br>- Tá spéis mhór sa chúrsa seo agus léiríonn sé an dúil atá ann i measc na foirne chun páirt a ghlacadh sa deis oideachais seo maidir le cearta daonna anuas ar an deis bheith i do Sheaimpín Ceart Daonna laistigh den GS.<br>- Tugadh na bainisteoirí sinsearacha agus na baill foirne ainmnithe go léir le chéile agus tá a ríomhphost chun clárú le fáil acu, anuas ar bhróisiúr ina mínítear an cúrsa, in Eanáir 2021.<br>- Beidh cainteoir ón GS i láthair ag gach seachtain den chúrsa. Chuir tromlach aoichainteoirí an GS a rannchuidiú leis an oiliúint go dtí seo i gcuntas, an Coimisinéir agus an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Dlí san áireamh. Titfidh na taifeadtaí deiridh amach go luath in Eanáir. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **60 Athbhreithnithe Beartais ar Chearta Daonna:**<br><br>An t-athbhreithniú um Chearta Daonna ar chúig limistéar a dtugtar tús áite dóibh a thabhairt chun críche (Úsáid Fórsa san áireamh) (Ráithe 3), tús a chur le hathbhreithniú beartais i Ráithe 4.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Ba iad na cúig limistéar beartais ar tugadh tús áite dóibh lena n-athbhreithniú:<br>1. Fórsa a Úsáid<br>2. Feithiclí an Gharda Síochána a úsáid chun dul sa tóir ar fheithiclí eile<br>3. Beartas um Íospartaigh na Coireachta<br>4. Gabháil agus Coinneáil<br>5. Ord Poiblí<br>- Aistríodh an fhreagracht as athbhreithniú na gcúig limistéir bheartais seo a dtugtar tús áite dóibh chuig an Aonad Rialachais agus Comhordaithe Beartais (PGCU), a dhéanfaidh maoirseacht ar an dul chun cinn sna limistéir seo. Tugadh fógra do na húinéirí beartais go léir faoin athrú a tháinig ar bhainistíocht. Rinne an Bord Bainistíochta Eitice agus Cultúir um Chearta Daonna, ar a ndéanann an Leas-Choimisinéir, Póilíneacht agus Slándáil, comhaontú leis seo. |
| **61-62 Cearta Daonna (Covid-19):**<br><br>(61) Measúnú a dhéanamh ar an gcomhthéacs um chearta daonna de bhearta nó cumhachtaí nua oibríochtúla.<br>(62) A thábhachtaí atá cearta daonna agus an Cód Eitice a chur in iúl dár ndaoine i gcomhthéacs gníomhaíochtaí nua mar fhreagairt do Covid-19.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Mar thoradh díreach ar an athbhreithniú ar Fhoirm C84(A) measúnú riosca an taifid choimeádta, sainaithníodh ceithre limistéar leochaileachta – meabhairshláinte, andúil drugaí, andúil alcóil, agus néaréagsúlacht.<br>- Tá comhpháirtíochtaí cruthaithe ag an Rannóg um Chearta Daonna le comhlachtaí ionadaíocha i ngach ceann de na limistéir seo. Chomhaontaigh triúr comhpháirtithe le páirt a ghlacadh in imeacht saincheaptha oiliúna in 2021 ar féidir leis na Seaimpíní um Chearta Daonna (féach thíos) páirt a ghlacadh ann. Déanfaidh seo na prionsabail a bhaineann le póilíneacht bunaithe ar chearta daonna a leabú níos mó laistigh de limistéir dhírithe leochaileachta a dtéann an Garda Síochána i ngleic leo i gcomhlíonadh a ndualgas.<br>- Leanann an Rannóg um Chearta Daonna ag oibriú le hOifig Preasa agus Oifig Cumarsáide Corparáidí an Gharda Síochána chun leagan de Leathanach na Tairsí a fhorbairt atá dírithe ar an bpobal.<br>- Cuireadh ailt le ríomhiris Athbhreithniú an Gharda Síochána agus Newsbeat chun nuashonrú a thabhairt do Phearsanra an Gharda Síochána ar aschur ón Rannóg um Chearta Daonna. Cuireadh na hailt seo ar fáil freisin ar Leathanach na Tairsí um Chearta Daonna.<br>- Tá sraith imeachtaí oiliúna á bpleanáil don bhliain 2021 a chuirfidh le cearta daonna a leabú isteach i bpóilíneacht.<br>- Tosófar an pacáiste oiliúna a forbraíodh i gcomhar le hOllscoil Luimnigh do Sheaimpíní um Chearta Daonna in Eanáir 2021 agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh 12 sheachtain. Bainfidh rannpháirtithe dámhachtain tríú leibhéal amach atá comhionann le modúl Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.<br>- Déanfar an oiliúint seo a chomhchur i láthair le hionadaithe ón nGarda Síochána ar féidir leo cur leis an gclár seo. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **63 Oiliúint Promhóirí (Covid-19):**<br><br>Na socruithe cuí a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfreagairt oibríochtúil do Covid-19 tríd an gcur chuige a cheartú i leith oiliúint promhóirí.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Mar fhreagairt do ghéarchéim Covid-19, rinne Coláiste an Gharda Síochána clár an BA i bPóilíneacht Fheidhmeach a athstruchtúrú isteach i gcur chuige cumaisc inar cuimsíodh gnéithe d'fhoghlaim ar líne trí úsáid a bhaint as LMS an Gharda Síochána. Cuireadh an clár oiliúna leasaithe seo ar fáil d'iontógálacha 201-203.<br>- Rinne an comhpháirtí nasctha creidiúnaithe, Ollscoil Luimnigh, an clár leasaithe a fhormhuiniú agus a cheadú.<br>- Tá obair ar siúl ar an Mol Foghlama Digiteach nua i gColáiste an Gharda Síochána. Feabhsóidh an Mol seo an LMS agus cuirfidh sé cumas taifeadta agus eagarthóireachta ar fáil d'ábhar cláir nua. |
| **64 Oiliúint ar Phaindéim:**<br>Próiseas a bhaineann leis 'na ceachtanna a foghlaimíodh' a bhunú maidir le forbairtí nua i limistéar na hoiliúna a eascraíonn as an bhfreagairt do Covid-19.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Chuir cur chuige foghlama cumaisc a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm an t-eolas agus an saineolas ar fáil do Choláiste an Gharda Síochána chun oiliúint ar líne idirghníomhach a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar ar aon dul le dea-chleachtas i bhfoghlaim agus forbairt.<br>- Thug Coláiste an Gharda Síochána faoi athbhreithniú ar na cláir reatha go léir chun soláthar clár a fheabhsú agus a fhairsingiú don phearsanra go léir trí úsáid a bhaint as LMS an Gharda Síochána.<br>- Tugadh faoi shuirbhé maidir leis an oiliúint ríomhfhoghlama a rinneadh i rith na Samhala leasaithe Bunoiliúna d'Iontógálacha 201 go 203.<br>- Fuarthas aiseolas dearfach, agus chomhaontaigh an Coimisinéir leis an tsamhail leasaithe oiliúna don bhliain 2021. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **65 Oiliúint Foirne an Gharda Síochána:**<br><br>Leanúint le hoiliúint chuí a chur ar fáil d'Fhoireann an Gharda Síochána, trí OneLearning ina measc.<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Is é OneLearning Ionad Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse a bunaíodh sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA).<br>- Tá seo ar fáil d'fhoireann an Gharda Síochána ach níl sé ar fáil do chomhaltaí an Gharda Síochána.<br>- Ba é an aidhm thosaigh don bhliain 2020 oiliúint a chur ar 1,000 ball foirne trí OneLearning agus ceadaíodh an aighneacht inar sonraíodh riachtanais oiliúna Fhoireann an Gharda Síochána, ach cuireadh stop leis an oiliúint go léir ansin, áfach, ag tús ghéarchéim Covid-19 i Márta 2020.<br>- Cuireadh 206 áit oiliúna OneLearning ar fáil go dtí an pointe sin. Rinne an Garda Síochána idirchaidreamh le OneLearning maidir le cur chuige foghlama cumaisc, ach deimhníodh nach raibh ardán ríomhfhoghlama OneLearning comhoiriúnach do bhonneagar TF an Gharda Síochána.<br>- Lean an Garda Síochána le hidirchaidreamh a dhéanamh le OneLearning chun réitigh a shainaithint ar a n-ardán ríomhfhoghlama a rochtain, ach is cosúil go bhfuil saincheisteanna teicniúla móra TF i gceist a mbeidh ar an eagraíocht iad a shárú.<br>- Tá an oiliúint a sholáthraíonn OneLearning curtha ar fionraí faoi láthair go dtí tráth luath in 2021 mar gheall go bhfuil siad ag tabhairt faoi phróiseas mór soláthair lena soláthraithe faoi conas oiliúint a sholáthar faoi ardán ríomhfhoghlama nua.<br>- Sainaithníodh riachtanais chúrsa OneLearning don bhliain 2021 bunaithe ar an Anailís ar Riachtanais Oiliúna.<br>- In éagmais chúrsaí oiliúna OneLearning, rinneadh an dul chun cinn seo a leanas maidir le hoiliúint Foirne an Gharda Síochána;<br>- Forbraíodh oiliúint chumaisc 'fáilteachtais' agus 'Seachadta Ríomhchuidithe' d'fhoireann an Gharda Síochána chun tacú leis na róil ath-imlonnaithe seo a aislíonadh.<br>- Rinne cúrsaí 'an Státseirbhís agus Gníomhaireacht Stáit' agus 'Deimhniú Gairmiúil i Rialachas' an Fhorais Riaracháin dul chun cinn ar líne i Meán Fómhair 2020.<br>- Tá eagarthóireacht deiridh á déanamh ar oiliúint ionduchtúcháin chumaisc Fhoireann an Gharda Síochána, atá le cur ar siúl in 2021.<br>- Críochnaíodh cúrsa Riarthóirí an Chreata um Chuntasacht Feidhmíochta (CCF).<br><br>- OneLearning 's provision of training is currently suspended until early 2021 as they are undergoing a significant procurement process with their providers on how to deliver training under a new e-learning platform.<br>- OneLearning course requirements for 2021 have been identified based on the Training Needs Analysis.<br>- In the absence of OneLearning training courses, the following progress has been made in respect of Garda Staff training;<br>- Blended 'front of house' and 'Computer Aided Dispatch' training has been developed for Garda staff to support backfilling these redeployed roles.<br>- The IPA 'Civil Service and State Agency' and 'Professional Certificate in Governance' courses progressed online in September 2020.<br>- Blended Garda Staff induction training is receiving final editing, to be delivered in 2021.<br>- The Performance Accountability Framework (PAF) Administrators course was completed. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **66 Monatóireacht ar Phromhóirí an Gharda Síochána:**<br><br>Beartas nua monatóireachta promhóirí Garda a fhaomhadh (Ráithe 3) agus cáipéisí treorach a sholáthar maidir le promhóirí Garda a bhainistiú (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Bunaíodh fóram páirtithe leasmhara maidir leis an mbeartas nua maidir le hOiliúnaithe Garda agus Promhóirí a bhainistiú in Aibreán 2020 agus cuimsíodh aiseolas ón ngrúpa isteach sa cháipéis bheartais.<br>- Tugadh na cáipéisí beartais agus nósanna imeachta chun Oiliúnaithe Garda agus Promhóirí a bhainistiú chun críche agus tá siad le scaipeadh ar fud na heagraíochta, anuas ar cháipéisí treorach.<br>- Rinneadh taifeadadh agus eagarthóireacht cur i láthair, don bheartas, a chríochnú agus a uaslódáil ar an LMS<br>- Tá an dréacht-Treoir ón gCeanncheathrú á cur i gcrích. |
| **67 Oiliúint Promhóirí an Gharda Síochána:**<br><br>Oiliúint Promhóirí Garda a nuashonrú faoi Ráithe 4.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Bunaíodh Sainghrúpa Athbhreithnithe (ERG) an Garda Síochána um oideachas earcaithe agus conairí iontrála agus foghlaim agus forbairt i Lúnasa 2020 agus leagadh an dualgas air scrúdú a dhéanamh ar thrí phríomhlimistéar, arb oideachas earcaithe ceann de na príomhlimistéir siúd, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint promhóirí.<br>- Is iad an dá limistéar eile: Bealaí agus Conairí Iontrála isteach sa Gharda Síochána; agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.<br>- Cuireadh an Straitéis Oiliúna, Foghlama agus Forbartha faoi bhráid an ERG. Tá breithniú á dhéanamh air faoi láthair. |
| **68 Oiliúint Ionduchtúcháin Foirne:**<br><br>Próiseas nua oiliúna ionduchtúcháin a chríochnú don Fhoireann Gharda nua go léir (Ráithe 3).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Rinneadh athbhreithniú ar Chlár Ionduchtúcháin an Gharda Síochána le foghlaim chumaisc, agus ríomhfhoghlaim, a cheadú.<br>- Tá an clár Ionduchtúcháin ríomhfhoghlama taifeadta anois agus táthar ag feitheamh le heagarthóireacht deiridh a dhéanamh air.<br>- Roinneadh an clár ina sheacht modúl agus beidh sé ar fáil ar an LMS<br>- Ní fhéadfaí tús a chur lena thabhairt isteach in 2020 mar gheall go bhfuil an oiliúint go léir sa Gharda Síochána ar fionraí faoi láthair, ach tá súil leis gur féidir Clár Ionduchtúcháin Fhoireann an Gharda Síochána a sheoladh nuair a atosófar an oiliúint in 2021, áfach. |
| **69 An Stiúrthóir Foghlama agus Forbartha:**<br><br>Ár ról a chomhlíonadh maidir le Stiúrthóir Foghlama agus Forbartha a cheapadh ag an Údarás Póilíneachta (Ráithe 4).<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✘ | - Rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an cinneadh gan an post ar leibhéal Stiúrthóra a cheadú agus tugadh cead, ina ionad sin, do leibhéal Príomhoifigigh (PO1).<br>- Rinneadh an cinneadh chun fanacht go dtí tráth luath in 2021 chun leanúint ar aghaidh leis an bpost seo a fhógairt mar gheall go gceadóidh seo don ERG a n-aiseolas a sholáthar ar an méid ba cheart a chuimsiú sa phost. |
| **70 Foghlaim agus Forbairt a Thuairisciú:**<br><br>Sainghrúpa Athbhreithnithe F agus F a bhunú (Ráithe 3).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Bunaíodh an ERG i Lúnasa 2020 agus chuir siad a gcruinniú tionscnaimh ar bun i Meán Fómhair 2020.<br>- Is iad na trí phríomhlimistéar atá le breithniú ag an ngrúpa Oideachas Earcaithe, Bealaí agus Conairí Iontrála isteach sa Gharda Síochána agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.<br>- Bunaíodh dhá fhoghrúpa, 'Oideachas Earcaithe' agus 'Conairí Iontrála agus Foghlaim agus Forbairt sa Gharda Síochána' freisin.<br>- Cuireadh roinnt cruinnithe ar bun ó bunaíodh an Grúpa agus na foghrúpaí. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **71 An Straitéis Foghlama agus Forbartha:**<br><br>Dréachtstraitéis Foghlama agus Forbartha a chríochnú (Ráithe 3).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Forbraíodh 'Dréachtstraitéis Oiliúna, Foghlama agus Forbartha' go luath in 2020.<br>- Moladh ag an tráth go gcuirfí an dréachtstraitéis faoi bhráid an ERG, nuair a bunaíodh é, le breithniú a dhéanamh air.<br>- Bunaíodh an ERG i Lúnasa 2020.<br>- Cuireadh an Straitéis Oiliúna, Foghlama agus Forbartha faoi bhráid an ERG agus tá breithniú á dhéanamh air faoi láthair. |
| **72 Córas Bainistíochta Oiliúna Leictreonach:**<br><br>Soláthar Córas Bainistíochta Oiliúna Leictreonach nua a chur chun cinn (ETMS) (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Foilsíodh an tairiscint don Chóras nua Bainistíochta Oiliúna Leictreonach (ETMS) i dtosach in Eanáir 2020 ach leasaíodh é i gcomhthéacs athruithe ar chleachtais oibre mar gheall ar Covid-19.<br>- Taifead ar an oiliúint a rinne gach duine atá san ETMS. Athraíodh ainm an chórais i rith na bliana go dtí an Córas Bainistíochta Taifead Oiliúna Leictreonach.<br>- Nuair a foilsíodh an tairiscint i dtosach, ní fhéadfadh sé freastal ar réitigh néalbhunaithe, ach rinne TFC an Gharda Síochána dul chun cinn sa limistéar seo, áfach, agus rinneadh cinneadh leanúint ar aghaidh leis an tairiscint seo a luaithe a deimhníodh go bhfuil an acmhainn ann chun glacadh le teicneolaíocht néalbhunaithe. |
| **73 Éidí Nua a Sholáthar:**<br><br>Leanúint leis an bpróiseas soláthair d'éide nua chun tacú le soláthar in 2021.<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Dúnadh an tairiscint i Meán Fómhair 2020 agus fuarthas na cáipéisí agus na samplaí ábhartha.<br>- Críochnaíodh an mheastóireacht theicniúil ar na samplaí uile éide a iarradh, faoi mar a leagtar amach sa cháipéis tairisceana.<br>- Críochnaíodh an mheastóireacht cháilíochtúil ar cháipéis(í) tairisceana. |
| **74 Ríomhfhoghlaim an Chórais Bhainistíochta Maoine agus Foilseán:**<br><br>Tús a chur le clár ríomhfhoghlama nua an Chórais Bhainistíochta Maoine agus Foilseán a imlonnú faoi Ráithe 1.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Baineadh an sprioc seo amach agus rinneadh clár ríomhfhoghlama an Chórais Bhainistíochta Maoine agus Foilseán (PEMS) a imlonnú i Ráithe 1 2020. |
| **75 Earcaíocht Gardaí:**<br><br>Pearsanra a earcú ar aon dul leis an gclár don rialtas. A mhéid le 700 comhalta an Gharda Síochána a earcú.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Chuir 275 Earcaí an Gharda Síochána tús le hoiliúint ag Coláiste an Gharda Síochána in 2020.<br>- Mar thoradh ar shrianta a bhí i bhfeidhm agus ar ath-imlonnú foirne ó Choláiste an Gharda Síochána mar gheall ar Covid-19, níl raibh aon acmhainn ar fáil le haon earcaithe eile a earcú i rith 2020. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **76 Foireann an Gharda Síochána a Earcú:**<br><br>Pearsanra a earcú ar aon dul leis an gClár don Rialtas.  A mhéid le 500 ball foirne an Gharda Síochána a ea rcú.<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Earcaíodh 361 ball foirne an Gharda Síochána agus bhí 119 i ndiaidh céimeanna éagsúla an phróisis earcaíochta a bhaint amach (bhí grinnfhiosrúchán á dhéanamh ar 21 de na 119 ball) amhail dheireadh na bliana 2020.<br>- Ar an drochuair, níor baineadh an sprioc 500 ball foirne a bhaint amach, ach, nuair a chuirtear na srianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19 san áireamh, b'fhearr an earcaíocht sa limistéar seo ná mar a raibh coinne leis, áfach. |
| **77 Samhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna:**<br><br>Cur i bhfeidhm Shamhail Oibriúcháin an Gharda Síochána a chur chun cinn.<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Ceapadh Príomhoifigeach ag tús 2020 chun an straitéis agus claochlú Acmhainní Daonna a bhainistiú.<br>- Forbraíodh treochlár chun staid reatha Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine (ADFD), staid eatramhach agus staid bheartaithe na Samhla Oibriúcháin Acmhainní Daonna amach anseo a léiriú.<br>- Rinneadh athbhreithniú ar phróifílí róil don Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí Acmhainní Daonna.<br>- Tá sainchomhairleoir seachtrach Acmhainní Daonna ag tabhairt faoi athbhreithniú ar ADFD, lena chur san áireamh conas a thagann an limistéar leis an Spriocshamhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna, faoi mar a forbraíodh in 2018, anuas ar róil bheartaithe na gComhpháirtithe Gnó Acmhainní Daonna sna Réigiúin agus conas a ailínítear iad ar ais isteach in ADFD. |
| **78 Plean an Lucht Saothair:**<br><br>Plean Straitéiseach an Lucht Saothair a fhorbairt agus a leabú níos mó.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Lean obair ar siúl in 2020 ar 'Soláthar Lucht Saothair', le príomhshonraí daoine a bhailiú a chuirfidh ar chumas an Gharda Síochána an líon daoine atá i róil, láithreacha agus línte tuairiscithe a thuiscint do gach limistéar ar leith san eagraíocht. Ceadóidh seo an t-eolas ríthábhachtach seo a nuashonrú agus a chothabháil as seo amach.<br>- Rinneadh obair maidir le 'Éileamh an Lucht Saothair', agus sainíodh na próisis 'an staid mar atá' agus 'an staid mar a bheidh' a bhaineann leis an anailís ghabhála agus an breithniú a dhéantar ar iarrataí ar acmhainní laistigh den Gharda Síochána. Cuirfear bunphlean lucht saothair le chéile bunaithe ar na comhthionscadail seo ónar féidir pleananna straitéiseacha a fhorbairt le himeacht ama.<br>- Chuir an Coimisinéir plean lucht saothair ag a bhfuil réamh-mheastacháin a fhaide le 2023 faoi bhráid an Údaráis Phóilíneachta an 16 Nollaig 2020. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **79 Straitéis Ath-Imlonnaithe:**<br><br>Ath-imlonnú a athbhreithniú go dtí seo agus deiseanna breise a scóipeáil le haghaidh ath-imlonnú (Ráithe 3) ar aon dul leis an tSamhail Oibriúcháin.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Athshannadh 144 post in 2020.<br>- Rinneadh athmheasúnú agus athdhearadh ar an gcur chuige i leith thionscnamh Nuachóirithe an Lucht Saothair ag roinnt pointí ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh.<br>- Táthar ag leanúint leis an scóipeáil le haghaidh deiseanna ath-imlonnaithe agus tá deiseanna á scrúdú agus á gcur chun cinn, sa chás gur cuí.<br>- Ba cheart a thabhairt faoi deara gur imir srianta Covid-19 tionchar ar dhul chun cinn agus gur laghdaigh oiliúint a chur ar fionraí an ráta ath-imlonnaithe do roinnt ról.<br>- Beartaítear go ndéanfar an méid seo a leanas le linn na chéad chéime eile a chomhaontaítear de Nuachóiriú an Lucht Saothair;<br>o Aistreofar feidhm an Riarthóra Glaonna sna ceithre Sheomra Rialaithe Réigiúnacha go dtí Foireann an Gharda Síochána.<br>o Sannfar Foireann an Gharda Síochána d'fheidhmeanna 'oifige tosaigh' i Stáisiúin Ghardaí.<br>o Sannadh tacaíocht riaracháin do na hAonaid Seirbhísí Cosanta Roinne (DPSUanna) |
| **80 Athimlonnú Gardaí:**<br><br>300 comhalta den Gharda Síochána a ath-imlonnú trí leithdháiltí breise d'fhoireann an Gharda Síochána agus ar aon dul leis an athbhreithniú thuas (anuas air sin, cuirfidh an GS an t-easnamh ath-imlonnaithe ó 2019 chun cinn, [156]).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Níor baineadh an sprioc 300 ath-imlonnú a dhéanamh, móide 156 a thabhairt anonn ó 2019, go páirteach mar gheall ar an gcur isteach de bharr Covid-19.<br>- Baineadh 144 athshannachán, ar an iomlán, amach i rith 2020 agus is ionann na sannacháin iomlána, ar an ábhar sin, go dtí seo agus 746.<br>- Lean obair ar aghaidh ar phleanáil a dhéanamh don fheidhm 'oifige tosaigh' i Stáisiúin Ghardaí agus chun deiseanna a shainaithint le haghaidh ath-imlonnú. |
| **81 Próisis Fheabhsaithe Ardaithe Céime:**<br><br>Tograí a ghníomhú do mhodhanna nua roghnaithe chun barr feabhais a chur ar an bpróiseas ardaithe céime ó Gharda go Sáirsint agus ó Sháirsint go Cigire (Ráithe 3).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Forbraíodh Creat Inniúlachta cuimsitheach do róil Sáirsint agus Chigire, a ghníomhóidh mar bhunsraith do na chéad chomórtais eile le haghaidh Sáirsintí agus Cigirí.<br>- Forbraíodh Cleachtaí Nua Breithiúnais Shuíomhúil don chéad chomórtas ardaithe céime eile do Sháirsintí.<br>- Aistríodh an t-ábhar measúnaithe chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (an SCP) lena chur ar a gcumas na socruithe riachtanacha a dhéanamh don chéad fheachtas ardaithe céime do Sháirsintí eile.<br>- Forbraíodh na cásanna do na Cleachtaí Nua Breithiúnais Shuíomhúil do Chigirí. Is gá 'Ceardlanna Bailíochtaithe' titim amach le hArd-Cheannfoirt agus Ceannfoirt chun an píosa seo oibre a thabhairt chun críche. Athsceidealófar na Ceardlanna seo nuair a bheidh srianta Leibhéal 5 bainte.<br>- Braitheann dul chun cinn breise maidir leis na tograí nua ar Rialacháin an Gharda Síochána (Ceapadh le céimeanna Cigire agus Sáirsint), 2020 a bheith curtha i gcrích ag an Roinn Dlí agus Cirt. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **82 Earcaíocht a Éagsúlú:**<br><br>Treochlár earcaíochta éagsúlachta a fhorbairt faoi dheireadh Ráithe 4.<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Sheol Coimisinéir an Gharda Síochána an Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI) i mí na Nollag 2020.<br>- Cuireadh tú le hobair ar an Treochlár Earcaíochta Éagsúlachta.<br>- Tugadh faoi chleachtadh comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun na príomhdhúshláin a shainaithint a bhaineann le daoine aonair a earcú agus a choinneáil ó chúlraí mionlaigh.<br>- Ag eascairt uaidh seo, ullmhaíodh cáipéis ina dtugtar achoimre ar bhacainní féideartha roimh earcaíocht agus coinneáil i measc grúpaí mionlaigh a bhfuil fostaíocht á lorg acu sa GS. Cuireadh an cháipéis seo faoi bhráid príomhcomhlachtaí Neamhbhrabúsacha a dhéanann ionadaíocht do dhaoine atá faoi réir na naoi bhforas faoin reachtaíocht chomhionannais agus fuarthas agus athbhreithníodh breathnóireacht.<br>- Tá an t-aiseolas seo á gcur le chéile faoi láthair isteach i dtuarascáil ar phríomhdhúshláin earcaíochta EDI.<br>- Thit rannpháirtíocht amach leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (an SCP) agus leanfaidh seo as seo amach. |
| **83 Moltaí faoin nGaeilge:**<br><br>Tús a chur le moltaí an Choimisinéara Teanga a chur i bhfeidhm chun barr feabhais a chur ar sheirbhís phóilíneachta a sholáthar trí Ghaeilge.<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Thug an Garda Síochána faoi thionscnaimh éagsúla le blianta beaga anuas chun na moltaí a chur i bhfeidhm a rinneadh i ndiaidh imscrúdú reachtúil in 2011.<br>- Leantar le hidirchaidreamh leis an gCoimisinéir Teanga chun moltaí eile nach ndeachthas i ngleic leo go dtí seo a chur i gnímh agus chun nuashonrú rialta a chur ar fáil ar ghníomhartha atá á ndéanamh faoi láthair agus a rinneadh.<br>- Ceapadh Cigire atá freagrach as Póilíneacht Ghaeltachta.<br>- Bailíodh sonraí teagmhála cothrom le dáta do gach cainteoir líofa Gaeilge sa Gharda Síochána.<br>- Tugadh faoi mheasúnuithe Gaeilge do chomhaltaí ar mian leo a bheith curtha san áireamh ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge.<br>- Tá méadú tagtha ar an líon comhaltaí atá liostaithe ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge.<br>- Cuireadh feabhas ar ár n-oibleagáidí teanga reachtúla trí mheabhrúcháin a eisiúint ar Thairseach an Gharda Síochána. |
| **84 Neamh-Chroídhualgais a Dhídhílsiú:**<br><br>A shainaithint cén dualgais nach croídhualgais iad, is féidir a dhídhílsiú (Ráithe 4) agus oibriú leis na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta ábhartha chun an céanna a dhídhílsiú<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Thug an Garda Síochána faoi athbhreithniú in 2019 chun neamh-chroídhualgais a shainaithint - róil faoina dtugann Gardaí faoi láthair thar ceann gníomhaireachtaí eile nach dteastaíonn cumhachtaí póilíní uathu nó a bhféadfaí tabhairt fúthu ar bhealach eile.<br>- Sainaithníodh roinnt neamh-chroídhualgais mar thoradh ar an athbhreithniú a rinneadh in 2019 agus próiseas ilghníomhaireachta a bheidh i gceist le dífheistiú i bhformhór na gcásanna (faoi stiúir na Roinne Dlí agus Cirt). Cruthaíodh maitrís a dtugtar tús áite dí do thionscadail agus cruthaíodh pleananna um chur i bhfeidhm agus soláthair.<br>- Rinneadh obair ullmhúcháin maidir leis na gníomhartha siúd a sainaithníodh cheana féin agus nach dtagann faoi chuimsiú an phróisis ilghníomhaireachta a chur chun cinn. Cuireadh stop leis an obair seo mar gheall ar Covid-19.<br>- Tá straitéis á forbairt lena cheadú tús a chur le cumarsáid lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta ar na saincheisteanna ábhartha. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **85 Oiliúint na Ceannaireachta Sinsearaí:**<br><br>Leanúint le hoiliúint a sholáthar do bhaill den Fhoireann Cheannaireachta Sinsearaí de réir riachtanas a shainaithnítear.<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✗ | - Cuireadh stop leis an gclár seo mar gheall ar shrianta Covid-19 agus forbraíodh páipéar scóipeála ar chur chuige nua i leith na hoiliúna.<br>- Cheadaigh an Fheidhmeannacht an páipéar scóipeála don oiliúint leasaithe a thabhairt isteach agus tá idirchaidreamh ar bun le Coláiste an Gharda Síochána.<br>- Mar gheall ar shrianta reatha Covid-19 i gColáiste an Gharda Síochána, níor thit Oiliúint na Ceannaireachta Sinsearaí amach. |
| **86 Struchtúir Chaidrimh Thionsclaíoch:**<br><br>A chinntiú go bhfuil struchtúr cuí Caidrimh Thionsclaíoch i bhfeidhm chun glacadh le freagracht as Caidreamh Tionsclaíoch ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Ráithe 1).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✓ | - Ag eascairt as an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2019, a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, tá teacht anois ag comhaltaí an Gharda Síochána ar innealra caidrimh thionsclaíoch an Stáit (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Chúirt Oibreachais).<br>- I gcomhthéacs gur deonaíodh an rochtain thuas, forbraíodh sraith nua Nósanna Imeachta Réitigh Díospóide i gcomhar leis an gCoimisiún um Chaidreamh Coimisiún (an CCÁO) agus é i gceist coimhlint fhéideartha thionsclaíoch a laghdú, trí thimpeallacht dhearfach Caidrimh Thionsclaíoch a fhorbairt.<br>- Cuireadh na struchtúir nua Chaidrimh Thionsclaíoch chun feidhme an 1 Feabhra 2020 agus thacaigh Treoir ón gCeanncheathrú 3/2020 agus éagsúla cumarsáid agus cruinnithe faisnéise éagsúla inmheánacha leis. |
| **87 Rannphairtíocht na Foirne sa Chultúr:**<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Foirne sa chultúr (Ráithe 3).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✓ | - Cheadaigh an Garda Síochána 12 thionscnamh Rannphairtíochta na Foirne sa Chultúr in 2019 agus baineadh triail phíolótach astu lena gcur i bhfeidhm.<br>- Áirítear le tionscnaimh an togra dea-chleachtais a sainaithníodh in eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Is í an aidhm timpeallacht dhearfach oibre a chruthú a chuireann cultúr iontaoibhe chun cinn ina n-oibríonn an fhoireann le chéile, ina mbraitheann siad spreagtha agus muiníneach chun dul i mbun gnímh, labhairt amach agus iarracht a dhéanamh a bheith nuálach.<br>- Tugadh faoi athbhreithniú staitistiúil ar na 12 thionscnamh agus cheadaigh an Leas-Choimisinéir, Straitéis, Rialachas agus Feidhmíocht é.<br>- Cheap Biúró Cultúir agus Eitice an Gharda Síochána plean gníomhaíochta do gach ceann de na 12 thionscnamh a chuireann na moltaí a rinneadh i bhfeidhm.<br>- Cuirfear tús leis an bplean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm i Ráithe 1 2021. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **88 Treochlár maidir leis an Iniúchadh ar Chultúr:**<br><br>Treoirphlean a fhorbairt (Ráithe 3) agus a chur i bhfeidhm (Ráithe 4) a eascraíonn as torthaí an iniúchta ar chultúr.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Forbraíodh treochlár chun torthaí a chur i bhfeidhm ón Iniúchadh ar Chultúr agus tosaíodh lena chur i bhfeidhm.<br>- Leanann an GECB ag díriú ar na gníomhartha a rinneadh a chur in iúl don eagraíocht.<br>- Foilsíodh an tríú cumarsáid, 'an tIniúchadh ar Chultúr: cad atá athraithe maidir le cumarsáid agus rannpháirtíocht?' ('The Cultural Audit: what's changed on communication and engagement?') in Newsbeat i mí na Nollag 2020.<br>- Cuireadh tuairisc aiseolais 'D'iarr tú, d'éisteamar' ('You asked, we listened') leis na leathanaigh Eitice agus Chultúir ar Thairseach an GS.<br>- Tá idirchaidreamh ar bun go leanúnach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha maidir le saincheisteanna ar féidir leo sonraí cultúrtha a shainaithint.<br>- Chuir an GECB alt ar fáil don Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána (an GPSU) lena chuimsiú sa Nuachtlitir Rialachais agus Chuntasachta. |
| **89 An Próiseas Iniúchta ar Chultúr:**<br><br>Tús a chur le próiseas soláthair d'Iniúchadh ar Chultúr breise (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - I ndiaidh idirchaidreamh agus taighde fairsing a dhéanamh, dréachtaíodh an Iarraidh ar Thairiscint (RFT) agus rinneadh cinneadh faoi phróiseas tairisceana.<br>- Seoladh RFT don chéad Iniúchadh ar Chultúr eile an 14 Nollaig 2020 chuig 6 chuideachta. Ba é an spriocdháta le haghaidh soiléiriú an 15 Eanáir 2021 agus is é an spriocdháta do thairiscintí críochnaithe an 22 Eanáir 2021.<br>- Beartaítear go dtabharfar faoin dara hIniúchadh ar Chultúr i Ráithe 3 in 2021, agus titfidh obair ullmhúcháin dó seo amach i Ráithe 1 agus Ráithe 2 2021. |
| **90 Clár Nuálaíochta:**<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar réitigh a mbaintear triail phíolótach as tríd an gclár nuálaíochta foirne (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH ◗ | - Leanann an STO lena fhiosrú conas is fearr tús trialach a chur le sársmaointe a chur i bhfeidhm ón gclár nuálaíochta Do Smaointe a cuireadh ar siúl in 2019.<br>- Cuireadh tús le meicníochtaí athbhreithnithe fhoirmiúil agus measúnaithe agus scaipeadh iarrataí ar aiseolas maidir leis na scáileáin aníos i dtaobh teagmhas tromchúiseach, na tóirsí brollaigh, na heochracha uilíocha dornaisc agus racaí rothar.<br>- Críochnaíodh tuarascáil deireadh bliana ar an gclár nuálaíocht Do Smaointe.<br>- Mar gheall ar Covid-19 agus ar shrianta gaolmhara, cuireadh stop le roinnt gníomhartha i dtaobh smaointe a athbhreithniú óna dteastaíonn daoine a bhailiú (cosúil leis na Clinicí Teanga Iasachta agus gníomhartha óna dteastaíonn cuairteanna a thabhairt ar scoileanna) i rith na géarchéime seo agus ní féidir tús a chur leo arís ach nuair a bhíonn an timpeallacht sábháilte le hamhlaidh a dhéanamh. Cuireadh chun cinn na gníomhartha a d'fhéadfaí a chur chun cinn agus fuarthas tuairiscí aiseolais ó na smaointe arbh fhéidir triail phíolótach a bhaint astu. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **91/92 Úsáid agus Athbhreithniú ar an CFFF:**<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid an CFFF (Ráithe 1), dul i ngleic le torthaí athbhreithnithe agus leanúint le húsáid a fhairsingiú.<br>A chinntiú gur cuireadh athbhreithniú eatramhach ar an CFFF ar bun i measc 70% de chomhaltaí an Gharda Síochána (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - D'ullmhaigh TFC athbhreithniú ar an úsáid a baineadh as an gCreat Mionsonraithe Feidhmíochta, Freagrachta agus Foghlama (CFFF) agus scaipeadh ar fud na heagraíochta. Níl Córas an CFFF ag feidhmiú i gceart. Cuireadh TFC ar an eolas ar na saincheisteanna go léir agus tá athbhreithniú á dhéanamh orthu anois i gcomhthéacs aiseolais ó Ranna.<br>- Tá obair ar siúl le TFC maidir le sonraí a réiteach ar PULSE agus an CFFF agus an céanna a ailíniú.<br>- Tá sonraí mionsonraithe faoi úsáid an CFFF, a thiomsaítear anois ar bhonn míosúil, á n-úsáid chun cur i bhfeidhm agus idirchaidreamh leis na Coimisinéirí Cúnta agus na hArd-Cheannfoirt go léir a chur chun cinn.<br>- Tá gné nua thuairiscithe á forbairt a cheadóidh teacht ar staitisticí Roinne go háitiúil. Cuirfidh seo feabhas breise ar infheictheacht áitiúil i dtaobh úsáid an CFFF.<br>- Cé go ndeachaigh an úsáid a bhaintear as an CFFF i méid aníos go dtí 75%, ní bhainfear an sprioc dheireadh bliana amach go mbeidh 70% de na hathbhreithnithe eatramhacha déanta.<br>- Níor dhírigh an tuairisciú ar athbhreithnithe eatramhacha mar gheall go dtugtar tús áite d'fheasacht agus don úsáid fhoriomlán a mhéadú. Áireofar aistriú chuig timthriall bliantúil agus sprioc-chumarsáid leanúnach leis an iarracht leanúnach i dtreo cur i bhfeidhm. Cuireadh aistriú an CFFF chuig timthriall bliantúil ón 1 Eanáir 2021 in iúl d'Ard-Cheannfoirt i rith mhí na Nollag.<br>- Beartaítear go mbainfear córas níos bríche amach tríd an CFFF a leabú san eagraíocht agus tús a chur leis an athbhreithniú beartais ó pheirspictíocht bainistíochta agus rannphäirtithe araon. |
| **93 Bainistíocht Feidhmíochta d'Fhoireann an Gharda Síochána:**<br><br>Córas bainistíochta feidhmíochta a chomhaontú agus a fhaomhadh d'Fhoireann an Gharda Síochána faoi Ráithe 3, tús a chur le cur i bhfeidhm (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Braitheann soláthar an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) ar an réiteach ríomh-CBFF a sholáthar. Córas é an ríomh-CBFF a chuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar fáil.<br>- Eisíodh cumarsáid don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus d'Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR) i Lúnasa maidir le dul chun cinn réiteach an ríomh-CFFF d'Fhoireann an Gharda Síochána.<br>- Fuair Rannóg TFC an Gharda Síochána Cáipéis Tionscnaimh Tionscadail agus Plean Tionscadail do Slándáil Ghníomhach an Eolaire ón OPOFR go ndéanfar comhaontú air agus go gcuirfear ainm leis.<br>- Fuarthas ábhar oiliúna ríomh-CBFF le haghaidh Bainisteoirí, Fostaithe agus Riarthóirí ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Tá athbhreithniú á dhéanamh air mar gheall gur cuireadh an an "córas trialach" le haghaidh tástála ar fáil i mí na Nollag 2020. Cuireadh tús le tástáil agus tá sé le críochnú go luath in Eanáir 2021.<br>- Cé go bhfuil comhaontú déanta ag an nGarda Síochána anois ar an gcóras ríomh-CBFF a úsáid, tá roinnt saincheisteanna teicniúla gaolmhara á réiteach go fóill. Cuireadh tús le tástáil úsáideoirí go déanach i Nollaig agus, ar an ábhar sin, ní féidir dul chun cinn breise a dhéanamh ach go dtí Ráithe 1 2021. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **94-95 Maoirseacht Fhianaithe ar Phromhóirí:**<br><br>(94) Struchtúir agus próisis chuí a chur i bhfeidhm le maoirseacht chuí a chinntiú do Ghardaí promhóra a fianaíodh le déanaí.<br>(95) A chinntiú go gcuirtear an treoir, an mhaoirseacht agus an tacaíocht chuí ar fáil do Ghardaí promhóra a fianaíodh le déanaí.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Cuireadh cóip de thograí maidir leis an leasú ar Bhunoiliúint a sholáthar ar fáil don Údarás Póilíneachta i Ráithe 2 2020.<br>- Tá próiseas tacaíochta ina bhfuil portfóilió d'fhorbairt feidhmíochta, lena n-áirítear sraith 5 chroí-inniúlacht agus 17 bpríomhshraith iompraíochta trína mbaintear foghlaim amach, i bhfeidhm ó Bhealtaine 2020 do Ghardaí promhóra a fianaíodh le déanaí.<br>- Cuireadh Struchtúir um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ar fionraí i Márta agus cuireadh ar bun arís eile iad ar feadh tamall gearr i nDeireadh Fómhair sula cuireadh ar fionraí arís iad.<br>- Leanfaidh na tacaíochtaí atá i bhfeidhm a bheith ar fáil do gach rannpháirtí i gCéim 1 (475) faoi mar a bhí i gceist ó Bhealtaine 2020. Is éard atá i gceist le rannpháirtithe Chéim 1 Iontógálacha 193 go 203, lena n-áirítear promhóirí a fianaíodh go luath agus oiliúnaithe a earcaíodh ó Bhealtaine 2020.<br>- Fógraíodh srianta Leibhéal 5 Covid-19 an 20 Deireadh Fómhair 2020. Rinneadh Promhóirí Garda, Oiliúnaithe Gardaagus Teagascóirí an Garda Síochána a ath-imlonnú chuig dualgas oibríochtúil amhail ón 2 Samhain 2020 agus cuireadh an oiliúint agus an FGL go léir ar fionraí go dtí Eanáir 2021. |
| **96 Póilíneacht Túslíne a Aithint:**<br><br>Próiseas a bhunú lena fhiosrú conas is fearr sármhaitheas a aithint i bpóilíneacht túslíne (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Forbraíodh Plean um Chur i bhFeidhm le deiseanna a fhiosrú chun sármhaitheas i bpóilíneacht túslíne a aithint, do Bhord Chláir an Phobail agus an Chultúir, agus ceadaíodh é, i nDeireadh Fómhair 2020.<br>- Tionóladh meitheal chun casadh ar líne agus é mar chuspóir aige próiseas a bhunú chun sármhaitheas i bpóilíneacht túslíne a aithint.<br>- Titfidh idirchaidreamh leis na Cumainn agus na hAontais amach in Eanáir 2021 trí sheisiún teagmhála eolais. |
| **97 Reachtanna na Rialachán Disciplíne:**<br><br>Ullmhú d'achtacháin reachtúla rialacháin nua disciplíne nuair a fhoilsítear an reachtaíocht ábhartha.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Cuireadh aighneacht an Choimisinéara maidir leis an gcreat nua disciplíneach faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt go ndéanfar breithniú air. Áirítear leis an bpacáiste seo na socruithe feidhmíochta nua a bheartaítear, dréacht-Bheartas agus Nósanna imeachta Feidhmíochta, socruithe mí-iompair a bheartaítear, treoir maidir le smachtbhannaí disciplíneacha i dtaobh imeachtaí mí-iompair, bearnaí féideartha sa chóras reatha disciplíneach, agus dréacht-Chaighdeáin nua Iompair Ghairmiúil, anuas ar athbhreithniú ar nósanna imeachta disciplíne an Gharda Síochána ó pheirspictíocht dhlíthiúil. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **98 An tAonad Frith-Éillithe:**<br><br>Gealltanais sa Straitéis Frith-Éillithe a thabhairt chun cinn.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Forbraíodh Beartas Frith-Éillithe an Gharda Síochána in 2019 agus bunaíodh Grúpa Stiúrtha chun bunú Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána (GACU) a thabhairt chun cinn.<br>- Chas an Grúpa Stiúrtha Frith-Éillithe lena chéile go rialta i rith 2020 chun príomhchumasóirí a thabhairt chun cinn chun tacú leis an GACU a bhunú, an méid seo a leanas ina measc:<br>o Cóiríocht<br>o Riachtanais TFC<br>o Forbairt Beartais<br>o Oiliúint<br>o Acmhainní<br>o Airgeadas<br>- Cuireadh a n-oiliúint ionduchtúcháin dhá sheachtain ar iarrthóirí rathúla Garda ó chomórtas an GACU go luath i Nollaig agus aistríodh chuig an Aonad iad an 9 Nollaig 2020.<br>- Leantar le plé a dhéanamh i gcruinnithe le Cumainn an Gharda Síochána agus le hAontais Fhoireann an Gharda Síochána ar Bheartais agus Nósanna Imeachta Frith-Éillithe an Gharda Síochána.<br>- Tá comhairliúcháin le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun forbairt ghníomhaíochtaí gnó agus bonneagar tacaíochta an GACU a thabhairt chun cinn ar bun. |
| **99 Straitéis Meabhairshláinte agus Folláine:**<br><br>AComhaontú a dhéanamh ar straitéis Sláinte agus Folláine agus plean um chur i bhfeidhm a fhorbairt (Ráithe 4) ina ndéantar breithniú ar aon fhorbairtí nó aon fhoghlaim a rinneadh de thoradh na freagartha do Covid-19.<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✗ | - Thug an Garda Síochána faoi Anailís ar Riachtanais Sláinte in 2019 chun tacú le forbairt na Straitéise. Fuair an suirbhé breis agus 5000 freagairt.<br>- Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, dréachtaíodh Straitéis Sláinte agus Folláine agus bhí ardchéim bainte amach aige faoi dheireadh 2020.<br>- Chun comhaontú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta (um Chur i bhFeidhm) atá le seoladh leis an Straitéis, tá cruinnithe le cur ar bun leis na húinéirí gnó ábhartha go léir go luath in Eanáir 2021. Díreofar sna cruinnithe seo ar aiseolas ó chomhaltaí agus ar conas is féidir leis seo eolas a sholáthar do na gníomhartha agus na hamlínte ar leith i bpríomhlimistéir.<br>- Casfaidh Fóram Páirtithe Leasmhara lena chéile freisin in Eanáir 2021 chun plé a dhéanamh ar an dréacht is déanaí den Straitéis agus chun an Plean Gníomhaíochta a thabhairt chun cinn i ndiaidh idirchaidreamh a dhéanamh leis na príomhúinéirí gnó.<br>- Rinne forbairt na hAipe Sláinte agus Folláine dul chun cinn in 2020, cé go bhfuil srianta buiséid agus amfhráma air. |
| **100 Tacaíocht Teagmhais Iarthrámaigh:**<br><br>Athbhreithniú ar Thacaíocht Teagmhais Iarthrámaigh agus Beartas agus Nós Imeachta Treoracha (PSRS) a fhaomhadh (Ráithe 4).<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✗ | - Chuir an Garda Síochána athbhreithniú ar chleachtais reatha, dea-chleachtais agus cuir chuige fhianaisebhunaithe le chéile i leith tacaíocht teagmhais iarthrámaigh in 2019.<br>- Beartaítear dul i gcomhairle le saineolaithe seachtrach chun cabhrú le hAthbhreithniú ar Thacaíocht Teagmhais Iarthrámaigh agus Beartas agus Nós Imeachta Treoracha (PSRS) a fhorbairt chun soláthar a bhrostú agus le hionchur feasach a chinntiú sa ghné thábhachtach seo dár Straitéis Sláinte agus Folláine.<br>- In ainneoin srianta Covid-19, tá teagmháil rialta á déanamh leis an bhFóram Páirtithe Leasmhara agus le heagraíochtaí ábhartha, e.g. Oscar Kilo, Seirbhís Folláine Phóilíní an RA. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **102-103 Sláinte agus Folláine (Covid-19):**<br><br>(102) A chinntiú go gcuirtear comhairle ar fáil maidir le breithnithe sláinte cheirde a bhaineann le rialacháin nó treoir náisiúnta sláinte poiblí Covid-19 a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme.<br><br>(103) A chinntiú go gcuirtear comhairle ar fáil maidir le breithnithe leighis a bhaineann le rialacháin nó treoir náisiúnta sláinte poiblí Covid-19 a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme.<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Cuireann an Príomhoifigeach Leighis (an POL) peirspictíocht sláinte cheirde ar fáil do chruinnithe rialta Ghrúpa Freagartha Covid-19, ar a ndéanann an Leas-Choimisinéir, Póilíneacht agus Slándáil cathaoirleacht agus ag cruinnithe Bhrainse an Phríomhoifigigh Riaracháin.<br>- Déanann an POL comhoibriú le húdaráis sláinte poiblí maidir le ceisteanna Covid-19 faoi mar a bhaineann siad leis an nGarda Síochána.<br>- Úsáideadh rannóga tiomnaithe sláinte cheirde agus folláine sa bhullaitín Cumarsáide Inmheánaí 'Newsbeat' agus ar leathanach Thairseach Covid-19 chun eolas agus comhairle a sholáthar do phearsanra Garda.<br>- Anuas air sin, chuir Cumarsáid Inmheánach, sa mhullach ar an POL, gné shrathach ar siúl in eagrán Covid-19 de Newsbeat, 'Iarr an an POL' ('Ask the CMO'), a thugann an deis do phearsanra an Gharda Síochána ceisteanna a chur go díreach ar an POL faoi Covid-19. |
| **101, 104, 105 Sláinte agus Folláine (Covid-19):**<br><br>(101) A chinntiú go dtugtar an tús áite cuí do cheisteanna sláinte, folláine agus leasa ag eascairt as Covid-19 agus go ndéantar iad a chomhordú.<br><br>(104) Breithnithe sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le Covid-19 a chur i bhfeidhm a imríonn tionchar ar phóilíneacht oibríochtúil agus ar dhúshláin oibríochtúla a thagann chun solais agus eolas agus teacht soiléir a éascú ar thacaíochtaí folláine do phearsanra uile an Gharda Síochána.<br><br>(105) Eolas agus comhairle ábhartha cothrom le dáta a chur in iúl chun sláinte agus folláine phearsanra túslíne an Gharda Síochána a n-imríonn paindéim Covid-19 tionchar orthu a chur ar an eolas, dul i ngleic lena mbuarthaí agus tacú leo.<br><br>**BAINEADH AN SPRIOC ✔** | - Scaipeadh comhairle i dtaobh ceisteanna a bhain le Covid-19:<br>o Treoirlínte leasaithe d'aturnaetha a fhreastalaíonn ar Stáisiúin Ghardaí<br>o Freastal pearsanra a raibh clutharú á dhéanamh ar an gcúirt<br>o Oifigí láithreoirí cúirte sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla, Gaillimh agus Cnoc na Seamar<br>o Sainchultacha agallaimh<br>o Rialú ionfhabhtuithe ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair<br>o Oifigí inimirce ag Muineachán agus Port Láirge<br>- Foilsítear eolas ar fholláine agus ar thacaíochtaí i rith na paindéime go rialta ar Thairseach an Gharda Síochána agus ar an leathanach Cumarsáide Inmheánaí.<br>- Thug Comhairleoirí Sábháilteachta Réigiúnacha faoi roinnt athbhreithnithe Covid-19 ar Stáisiúin Ghardaí, faoi stiúir an Aonaid Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta.<br>- Rinne an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe idirchaidreamh le gach oifig Covid-19 Roinne agus leis an bpearsanra go léir a bhí as láthair mar thoradh ar shaincheisteanna a bhain le Covid-19. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **106 Soláthar TCP (Covid-19):**<br><br>Trealamh Cosanta Pearsanta cuí a fháil agus a scaipeadh.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Déanann soláthar athmheasúnú rialta ar éilimh na heagraíochta ar Threalamh Cosanta Pearsanta (TCP).<br>- Dírítear ar athléimneacht an tslabhra soláthair agus ar idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara eile.<br>- Eisítear TCP gach seachtain/coicís ó Stóir Lárnacha an Gharda Síochána chuig Oifigí Roinne, faoi mar a theastaíonn.<br>- Déanann Ranna iarratas go díreach le Stóir an Gharda Síochána maidir le riachtanais TCP. Sainaithníodh na láithreacha stórála chun cabhrú le scaipeadh tráthúil TCP. |
| **107 Réitigh Chianoibre:**<br><br>Réitigh chianoibre a éascú chun tacú le scaradh sóisialta.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Tá cianrochtain ar TFC an Gharda Síochána críochnaithe den chuid is mó agus tá tacaíocht leanúnach á tabhairt do chianoibrithe agus tá iarrataí nua ar chrua-earraí agus ar bhogearraí á soláthar.<br>- Áirítear leis seo: ríomhairí glúine, gutháin phóca, Monatóirí USB, méarchláir / luchóga gan sreang, aonaid físchomhdhála CISCO, agus licíní rochtana slándála do chianrochtain agus rochtain ar bhogearraí físchomhdhála.<br>- Ghlac Rannóg TFC an Gharda Síochána páirt san fhoghrúpa cianoibre a bhunaigh an Coiste Stiúrtha Oibre Normalaithe.<br>- Teastaíonn infheistíocht shuntasach chun cianoibriú fadtéarmach a bhaint amach (seachas díreach cianrochtain ar chórais reatha) trí bhrath na heagraíochta ar phróisis agus ar chumarsáid pháipéarbhunaithe a laghdú (nó ar ríomhphost, faoi mar a bhí i gceist le déanaí). |
| **108 Cur ar Uainchlár Leasaithe:**<br><br>Uainchlár leasaithe a dhearadh agus a chomhaontú, agus tús a chur leis an gcur i bhfeidhm (Ráithe 4).<br><br>NÍOR BAINEADH AN SPRIOC ✘ | - Thug an Garda Síochána faoi thaighde in 2019 ar chur ar uainchlár idirnáisiúnta anuas ar chleachtaí fairsinge comhairliúcháin le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.<br>- D'fhorbair an Garda Síochána post bainistíochta freisin maidir le socruithe nua um chur ar uainchlár. Cuireadh an post bainistíochta maidir le cur ar uainchlár nua faoi bhráid na gCumann ag deireadh na bliana lena scrúdú.<br>- Rinneadh dul chun cinn go luath in 2020 le haiseolas ó na Cumainn ar an tuarascáil chomhdhlúite deiridh agus na Téarmaí Tagartha a dréachtaíodh le haghaidh obair a bhí le déanamh.<br>- Cuireadh togra foirmiúil agus Tuarascáil Seasaimh Bainistíochta faoi bhráid na gCumann in Aibreán.<br>- Ceapadh éascaitheoir nua i Meán Fómhair.<br>- Foilsíodh Uainchlár Bhaile an Bhaspailigh – Comhaontú ar Amanna Oibre in 2012 chun oibriú uainchlár a ailíniú leis an Treoir um Am Oibre ón Eoraip.<br>- Is iad na chéad chéimeanna eile sa phróiseas seo breithniú a dhéanamh ar cibé acu an áirítear nó nach n-áirítear meicníocht réitigh díospóidí le Comhaontú um Am Oibre Bhaile an Bhaspailigh. Fuarthas comhairle dlí maidir leis an gceist seo. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **109-114 An tSamhail Oibriúcháin a Chur i bhFeidhm:**<br><br>(109) Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.<br>(110) Tús a chur le bunú céimnithe an Limistéir Feidhme Gnó i measc na Ranna bunaithe ar eolas a chuireann an spriociarracht leanúnach i dtaobh an phróisis ghnó a bharrfheabhsú ar fáil.<br>(111) Tús a chur le Limistéir Feidhme: Dearbhú Feidhmíochta, Coireacht agus Rannpháirtíocht an Phobail i ngach roinn Chéim 1: Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Láir, Luimneach, an Mhí-an Iarmhí agus Gaillimh<br>(112) Tús a chur le pleanáil le Ranna Chéim 2 na Samhla Oibriúcháin: Contae Chorcaí, an Clár/Tiobraid Árann, RCBÁC Thoir, RCBÁC Theas agus Ciarraí<br><br>(113) Tús a chur le hidirchaidreamh le hOibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta (SCO) maidir leis an tSamhail Oibriúcháin a chur i bhfeidhm<br><br>(114) Dearadh mionsonraithe ghnéithe Réigiúnacha na Samhla Oibriúcháin a chríochnú agus measúnú a dhéanamh ar an ailíniú le GNCSIS<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Tá mar chuspóir ag an tSamhail Oibriúcháin nua comhordú a mhéadú, maoirseacht a fheabhsú agus soláthar seirbhíse don phobal ar fud na tíre a bharrfheabhsú.<br>- Thosaigh an Garda Síochána leis an tSamhail Oibriúcháin a chur i bhfeidhm in 2019.<br>- Cuireadh cláir phíolótacha ar siúl i Ranna i gcaitheamh 2019, agus rinneadh iad seo a mheasúnú agus sainaithníodh 5 Roinn le haghaidh chur i bhfeidhm Chéim I go luath in 2020.<br><br>**109 Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.**<br>- In 2020, agus i gcomhthéacs Covid-19, ghlac tionscadal na Samhla Oibriúcháin le cur chuige leasaithe i leith cur i bhfeidhm a dhíríonn ar an Limistéar Feidhme Seirbhísí Gnó (BSFA) ar fud na Ranna go léir a bhunú i dtosach, agus na 3 Limistéar Feidhme eile ina dhiaidh sin (Dearbhú Feidhmíochta, Coireacht agus Rannpháirtíocht an Phobail).<br>- Rinneadh cur i bhfeidhm a thabhairt chun cinn go leanúnach le Ranna Ghrúpa 1 le haghaidh BSFA agus tá amlínte socraithe chun tús a chur leis an bpleanáil agus an t-idirchaidreamh le Ranna Ghrúpa 2.<br><br>**110: Tús a chur le bunú céimnithe an Limistéir Feidhme Gnó i measc na Ranna bunaithe ar eolas a chuireann an spriociarracht leanúnach i dtaobh an phróisis ghnó a bharrfheabhsú.**<br>- Chuir an tSamhail Oibriúcháin tús leis an BSFA a chur i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2020, le Ciarraí, Cathair Chorcaí, Gaillimh, Luimneach, Maigh Eo/Ros Comáin/an Longfort agus RCBÁC Theas-Láir (an 2 Samhain 2020).<br>- Tá idirchaidreamh leanúnach á dhéanamh leis an tSamhail Oibriúcháin d'Oifigigh Roinne, Bainistiú Eastáit agus Ard-Cheannfoirt chun riachtanais chóiríochta a dheimhniú agus a thabhairt chun cinn do na ceithre Limistéar Feidhme.<br>- Rinneadh an cur chuige i leith Meastóireacht Próisis a fhorbairt agus a roinnt le Ranna Ghrúpa 1 go ndéanfar é a chríochnú go leanúnach.<br><br>**111: Tús a chur le Limistéir Feidhme: Dearbhú Feidhmíochta, Coireacht agus Rannpháirtíocht an Phobail i ngach Roinn Chéim 1:** Cathair Chorcaí, RCBÁC Theas-Láir, Luimneach, an Mhí/an Iarmhí agus Gaillimh<br>- Dearbhú Feidhmíochta<br>  o Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar dhréachtaí a fhorbairt do phróisis trí shraith ceardlann chun cáipéisíocht RACI a athbhreithniú agus a bhailíochtú anuas ar Mheasúnuithe Tionchair Athraithe.<br>  o Tá Measúnú ar Ullmhacht Dearbhaithe Feidhmíochta á fhorbairt agus tá amlínte le haghaidh forleata á n-athbhreithniú.<br>- Coireacht<br>  o Rinneadh cuir i láthair le hÚinéirí Beartais PEMS ar obair go dtí seo, an líon RACIanna agus an mhodheolaíocht a úsáidtear don tSamhail Oibriúcháin a fhorbairt.<br>  o Rinneadh athbhreithniú ar an Anailís Tionchair Athraithe.<br>  o Cuireadh tús le plé ar idirghabháil a bheartaítear do Bhainistíocht Cúirteanna.<br>- Tá idirchaidreamh leanúnach idir foireann na Samhla Oibriúcháin, Bainistiú Eastáit agus Ranna chun maitrís chóiríochta a fhorbairt ina léirítear láithreacha a bheartaítear agus oibreacha riachtanacha chun tacú leis an straitéis um chur i bhfeidhm.<br>- Tá plé leanúnach á dhéanamh le OOP maidir le roghanna léasaithe a bheartaíonn Ranna.<br>- Tá plé leanúnach á dhéanamh le OOP maidir le roghanna léasaithe a bheartaíonn Ranna. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| | **112: Tús a chur le pleanáil le Ranna Chéim 2 na Samhla Oibriúcháin: Contae Chorcaí, an Clár/Tiobraid Árann, RCBÁC Thoir, RCBÁC Theas agus Ciarraí**<br>- Tá Ranna RCBÁC Theas agus RCBÁC Thuaidh-Láir le tús a chur leis an BSFA a chur i bhfeidhm in Eanáir 2021 agus tá tús le cur leis sa Chlár/Tiobraid Árann in Eanáir/Feabhra 2021. Is dóchúil go gcuirfear tús leis i Loch Garman/Cill Mhantáin, Port Láirge/Cill Chainnigh/ Ceatharlach agus RCBÁC Thiar i Ráithe 1 2021.<br><br>**113: Tús a chur le hidirchaidreamh le hOibríochtaí Speisialta i gcoinne Coireachta (SCO) maidir leis an tSamhail Oibriúcháin a chur i bhfeidhm**<br>- Déantar idirchaidreamh rialta leis na Biúrónna faoi Choireacht Eagraithe agus Tromchoireacht (OSC).<br>- Tá Treoirphleananna na Samhla Oibriúcháin OSC le Ceannasaithe ábhartha na mBiúrónna go ndéanfar athbhreithniú orthu, seachas i gcás an treoirphlean do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Imscrúdú Coiriúil (GNCBI) ar cuireadh ainm leis i nDeireadh Fómhair 2020.<br>- Forbraíodh an teimpléad Tascála agus Comhordaithe OSC i gcomhar leis an mBleachtaire Ceannfoirt TACU agus tá athbhreithniú á dhéanamh air.<br><br>**114: Dearadh mionsonraithe ghnéithe Réigiúnacha na Samhla Oibriúcháin a chríochnú agus measúnú a dhéanamh ar an ailíniú le GNCSIS**<br>- Tá idirchaidreamh leanúnach idir foireann um Chur i bhFeidhm Shamhail Oibriúcháin Sheirbhís Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht agus Faisnéis Slándála (GNCSIS) agus croífhoireann na Samhla Oibriúcháin, a dhíríonn i dtosach ar an Réigiún |
| **115 Pleananna Póilíneachta Costáilte:**<br><br>Leanúint leis an acmhainn a fhorbairt chun plean póilíneachta atá go hiomlán costáilte a chur i gcrích (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Ba cheart go gcabhródh an Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (CBUD) a thabhairt isteach i níos mó ranna le hacmhainn a fhorbairt chun Plean Póilíneachta costáilte a fhorbairt.<br>- Ní raibh dóthain sonraí ar fáil ón CBUD oibríochtúil a chur i bhfeidhm in 2020 a d'fhéadfaí a úsáid chun costáil iomlán Plean Póilíneachta a éascú in 2020.<br>- Rinneadh dréacht-Phlean Póilíneachta 2021 ar leithdháileadh buiséid de réir colún straitéiseach dó a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Phríomhoifigigh Riaracháin go ndéanfaidh an Fheidhmeannacht athbhreithniú air amach anseo.<br>- Rinneadh cumarsáid le fórsa póilíneachta eile a thabhairt chun cinn lena modheolaíochtaí a dheimhniú i leith pleananna póilíneachta a chostáil. Tá an dealramh air nach dtugtar faoi phleananna póilíneachta costáilte a thuilleadh in go leor dlínse an RA ach go ndírítear, ina ionad sin, ar limistéir ar leith den eagraíocht/na gníomhaíochtaí a chostáil agus ar ghníomhaíochtaí, ach go háirithe, a chuireann luach leis. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **116 Athbhreithniú ar an gCreat Rialachais Chorparáidigh:**<br><br>An creat Rialachais Chorparáidigh a athbhreithniú (Ráithe 3) agus a fheabhsú (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Tá dul chun cinn á dhéanamh ag pleananna chun Creat Rialachais Chorparáidigh an Gharda Síochána a athbhreithniú agus a fheabhsú.<br>- Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar na struchtúir rialachais reatha agus an tagarmharcáil ardleibhéil in aghaidh ceithre sheirbhís póilíneachta eile agus rinneadh prionsabail rialachais amach anseo a shainiú dá bharr a bheidh le glacadh ag aon samhail nua.<br>- Forbraíodh agus pléadh na prionsabail rialachais a bhí le glacadh agus an struchtúr rialachais, ar an iomlán, ina dhiaidh sin, leis an Leas-Choimisinéir, Straitéis, Rialachas agus Feidhmíocht an 11 Nollaig 2018. Ina dhiaidh seo, forbraíodh an bhallraíocht agus na téarmaí tagartha do gach coiste rialachais agus déanfar athbhreithniú orthu in Eanáir 2021.<br>- Tá súil leis go mbeidh dearadh rialachais chorparáidigh a ghlacfar réidh lena athbhreithniú agus lena cheadú i Ráithe 1 2021. |
| **117 An Creat Feidhmíochta agus Cuntasachta:**<br><br>Céim ar líne an Chreata Freagracht Feidhmíochta (CFF) a dhearadh agus a thástáil (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Tá próiseas caighdeánaithe chun eolas a aistriú laistigh de struchtúir rialachais an Gharda Síochána á fhorbairt ina uirlis TF ar líne.<br>- Críochnaíodh céim Chlár Píolótach teicniúil an Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta (CFF) i rith mhí na Samhna agus rinneadh an tástáil deiridh ar leibhéal Roinne. Sainaithníodh iarrataí ar fhoghlaim agus ar athrú turgnamhach.<br>- Cuireadh isteach go pointe áirithe ar an tionscadal seo mar gheall ar ghéarchéim Covid-19. De bhreis air sin, chuir saincheisteanna leis an gcóras Bainistíochta Ábhar Fiontraíochta (BÁF) agus athruithe ar sceideal um chur i bhfeidhm na Samhla Oibriúcháin moill áirithe air.<br>- Bhí dréachtphróisis agus dréachtnósanna imeachta don CFF laistigh den tSamhail Oibriúcháin beagnach críochnaithe faoi dheireadh na bliana, go ndéanfaí iad a chónascadh le tosaíochtaí i dtaobh iarrata ar athrú a cuireadh le chéile ón gclár píolótach chun na réitigh TF a oiriúnú don tSamhail Oibriúcháin. De bhreis air sin, tugadh feabhsúcháin ar chobhsaíocht faoi deara i dtaobh Bainistíochta Ábhar Fiontraíochta (BÁF), agus ceadóidh seo dó leanúint de bheith mar fheithicil don uirlis CFF. |
| **118 An Creat Bainistíochta Riosca a Athbhreithniú:**<br><br>An creat Bainistíochta Riosca a athbhreithniú (Ráithe 3) agus a fheabhsú (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Tugadh faoi athbhreithniú neamhspleách ar an gCreat Bainistíochta Riosca in Iúil 2020 agus cheadaigh an Leas-Choimisinéir, Straitéis, Rialachas agus Feidhmíocht é.<br>- Rinneadh na moltaí ón athbhreithniú a chomhdhlúthú (Iúil 2020), iniúchadh inmheánach ar bhainistíocht riosca (Iúil 2019) agus rinne Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána (GRMU) athbhreithniú ar bhainistíocht riosca (Lúnasa 2018) a chríochnú i Meán Fómhair 2020.<br>- Forbraíodh Dréachtphlean um Chur i bhFeidhm i nDeireadh Fómhair 2020 a leag na gníomhaíochtaí agus na hamlínte amach a bhaineann leis na moltaí a chur i bhfeidhm ó gach ceann de na trí thuarascáil.<br>- D'fhreastail foireann an GRMU ar rith trí 'Córas TF Ríomhriosca' Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR) i nDeireadh Fómhair 2020. Níor bunaíodh amlínte soláthair córas bainistíochta riosca TF go fóill.<br>- Forbraíodh Dearadh Phróiseas Bainistíochta Riosca na Samhla Oibriúcháin (cáipéis RACI) i nDeireadh Fómhair 2020, i ndiaidh gur cuireadh tús le próiseas bainistíochta Riosca Réigiúnaigh. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **119 An Straitéis Cumarsáide Inmheánaí:**<br><br>Roinnt príomhfheabhsúchán inár gcumarsáid inmheánach a sholáthar.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Bhuaigh an Garda Síochána an phríomhdhuais sa chatagóir 'An Tosaitheoir is Fearr' i nGradaim Chumarsáide Inmheánaí an RA agus na hÉireann 2020 inar aithin an Institiúid an tOifigeach Feidhmiúcháin Laura Griffin i ngeall ar an tsárobair a rinne sí agus spárálaithe scáileáin gairmiúla á soláthar aici a chuir teachtaireachtaí a d'imir tionchar mór ar fáil ar fud na heagraíochta. Bhuaigh Cumarsáid Inmheánach Gradam Sármhaitheasa i ngeall gur chraobhiomaitheoir iad sa chatagóir 'An Chumarsáid Géarchéime is Fearr' de bharr ár gcumarsáide inmheánaí i rith Covid-19. Anuas air sin, bhuaigh an Garda Síochána gradam Airgid sna Gradaim Chumarsáide Inmheánaí agus Idirchaidrimh 2020 a chuir an tIrisleabhar Communicate ar siúl, sa chatagóir 'An Chumarsáid Inmheánach is Fearr' i rith Covid-19.<br>- Foilsíodh Newsbeat go rialta i gcaitheamh na bliana. Cuireadh nuashonruithe ar fáil ar shábháilteacht, Rialacháin nuashonraithe, plean 'Ag Maireachtáil le Covid-19' an Rialtais, nósanna imeachta maidir le féinaonrú agus gluaiseachtaí srianta, an vacsaín fliú saor in aisce don phearsanra agus níos mó. Faoi dheireadh na bliana, cuireadh i gcuntas gurbh ionann lucht léitheoireachta Newsbeat agus breis agus 14,000 pearsanra den chéad uair.<br>- Leanann spárálaithe scáileáin agus fógraí Tairsí le sábháilteacht Covid-19 agus cloí le bearta sláinte poiblí a chur chun cinn. |
| **120 Plean Uasghrádaithe na Tairsí::**<br><br>Plean uasghrádaithe Tairsí a fhorbairt (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Is í an Tairseach an phríomhláithreán eolais d'inlíon an Gharda Síochána.<br>- Tá eolas á bhailiú go leanúnach leis an méid ábhair atá ar an Tairseach faoi láthair a dheimhniú agus leis an trealamh agus na córais a dhéanann é a óstáil a dheimhniú.<br>- Chruthaigh Cumarsáid Inmheánach agus TFC cáipéis ardleibhéil Straitéis Forbartha i Ráithe 4 2020. Leagtar amach ann seo an cur chuige a ghlacfar chun Tairseach nua a fhorbairt.<br>- Is éard a bhaineann leis an gcur chuige ná comhairliúchán fairsing leis an lucht saothair chun táirge a sholáthar atá úsáideoirlárnaíoch. |
| **121 Plean Dearbhaithe Cáilíochta Sonraí:**<br><br>Gníomhartha a dtugtar tús áite dóibh a shainaithnítear a chur i bhfeidhm don bhliain 2020 ón bPlean Dearbhaithe Cáilíochta.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Cheadaigh an Bord Rialachais Sonraí straitéis chuimsitheach cáilíochta sonraí in Aibreán 2020. Déanann an Bord maoirseacht ar a cur i bhfeidhm freisin. Áirítear leis seo gníomhartha chun dul i ngleic leis na moltaí in Athbhreithniú na Príomh-Oifige Staidrimh ar Chaighdeán na Staitisticí Taifeadta faoi Choireacht.<br>- Bunaíodh trí ghníomh a dtugtar tús áite dóibh don bhliain 2020:<br>o Éirchód<br>o Rialacha Taifeadta Coireachta a fhoilsiú<br>o Próiseas dearbhaithe cáilíochta sonraí lúbiata<br><br>- Cumasaíodh Éirchóid in PULSE i scaoileadh 7.6 Dheireadh Fómhair.<br>- Foilsíodh cáipéis phoiblí ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána faoi fhoilseacháin, cáipéisí beartais.<br>- Rinneadh próiseas dearbhaithe cáilíochta sonraí a dhoiciméadú go foirmiúil agus déanfaidh an GPSU iniúchadh air.<br>- Leanfaidh dul chun cinn na ngnéithe eile den Straitéis Sonraí ar aghaidh mar chuid den Fhís Faisnéise agus Teicneolaíochta a chur i bhfeidhm, a cheadaigh an Fheidhmeannacht agus cuireadh faoi bhráid an Údaráis Phóilíneachta é. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **122 Athbhreithniú ar Chroí-Ardáin Teicneolaíochta:**<br><br>Athbhreithniú ar chroí-ardáin teicneolaíochta a thabhairt chun críche (Ráithe 3) agus treochlár a fhorbairt (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Críochnaíodh an tAthbhreithniú ar Ardáin Teicneolaíochta agus cuireadh faoi bhráid an Phríomhoifigeach Imscrúduithe é. Rinneadh athbhreithniú ar thorthaí an athbhreithnithe in aghaidh Fhís Straitéiseach TFC ina gcuimsítear na hathruithe riachtanacha.<br>- De bhreis air sin, rinneadh gach moladh athbhreithnithe a ailíniú leis an liosta Tionscadal Gnó TFC lena shainaithint cén cinn a bhí;<br>o Ar bun<br>o Nár cuireadh tús leo go fóill<br>o Nár sainaithníodh agus nár liostaíodh amhail bheith ag teastáil<br>- Maidir leo siúd nach liostaítear ar an Riaráiste Tionscadal, cruthaíodh na Tionscadail seo agus tá siad anois mar chuid den ghrúpa tionscadail TFC a bhfuil an Garda Síochána le tús áite a thabhairt dóibh ag brath ar acmhainní (idir acmhainní daonna agus airgeadais) agus ar thosaíochtaí eagraíochta níos fairsinge an Gharda Síochána.<br>- Tabharfar soláthar na dtionscadal seo anois chun cinn tríd an mBord Tosaíochta TFC agus déanfar iad a bhainistiú tríd an Tuarascáil ar Stádas an Phortfóilió TFC trí na blianta 2021 agus ina dhiaidh sin. Bunófar uainiú an tsoláthair ar thosaíochtaí eagraíochta agus ar na hacmhainní atá ar fáil. |
| **123 An Mol Ceartais Choiriúil**<br><br>Leanúint le comhtháthú leictreonach a thabhairt chun cinn lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta ceartais faoi thionscnamh an Mhoil Cheartais Choiriúil.<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Idirnascadh digiteach an chórais dlí choiriúil atá sa Mhol Cheartais Choiriúil.<br>- Cuireadh an t-athrú ar PULSE i dtaobh bhileog na gcúiseamh agus leagan bannaí stáisiúin i bhfeidhm an 5 Nollaig 2020.<br>- Críochnaíodh an fhorbairt ghaolmhar agus riachtanach asbhainte seirbhísí tuairiscithe roimh an Nollaig. Thosaigh an tSeirbhís Chúirteanna a n-obair forbartha chomhfhreagrach.<br>- Tá plé comhtháite straitéis tástála ó cheann go ceann ar siúl, agus tá súil leis go gcuirfear tús leo i Márta 2021.<br>- Tá réiteach comhtháite do Bhileog na gCúiseamh agus don tionscadal Bannaí Stáisiúin le cur i bhfeidhm in Aibreán 2021 |
| **124 Measúnú Móibíleach:**<br><br>An méid Gléasanna Móibíleacha a mhéadú a imlonnaítear aníos go dtí 4500 (Ráithe 4) agus measúnú a dhéanamh ar a n-úsáid (Ráithe 3).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Rinne Foireann Sheirbhís Soghluaisteachta ACTIVE an GS 5100 gléas nua nó nuashonraithe soghluaisteachta a imlonnú in 2020.<br>- Cruthaíodh físeán nua rollaithe gléasanna agus cuireadh ar fáil é ar G-Tube (córas inmheánach físeán / oiliúna an GS) chun tacú le comhaltaí leis an bpróiseas rollaithe. Níor tugadh aon fhadhbanna tacaíochta chun solais leis an Deasc Chabhrach le haghaidh tacaíocht rollaithe a thugann le fios gur féidir le comhaltaí rollú iad féin.<br>o Fuarthas deimhniú gur leithdháileadh buiséad imfhálaithe in 2021 chun tacú le himlonnú breise gléasanna agus le forbairt bhreise aipeanna. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **125 Bainistíocht Ábhar Fiontraíochta a Imlonnú:**<br><br>Dul i mbun le feabhas a chur ar eispéireas úsáideora Bainistíocht Ábhar Fiontraíochta agus leanúint lena thabhairt isteach sa Cheanncheathrú agus i Sainrannóga i Réigiún an Oirthir (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Tá stop curtha go fóill le Bainistíochta Ábhar Fiontraíochta (BÁF) a imlonnú mar gheall ar Covid-19 agus ní soiléir cén dáta amach anseo a atosófar é.<br>- D'fhéadfadh go gcuirfí moill freisin ar chur chuige nua oiliúna a dhearadh mar gheall go bhfuil Coláiste an Gharda Síochána ag feidhmiú ar acmhainn laghdaithe. Táthar ag dul i mbun beart le saincheisteanna a shainaithint agus a cheartú a bhaineann leis an ardán.<br>- Toisc theorannaithe é cobhsaíocht an líonra BÁF maidir le cé chomh tapa is féidir feabhsúcháin a imlonnú.<br>- Tugadh faoi shuirbhé mór ar úsáideoirí i Samhain/Nollaig lena chumasú measúnú a dhéanamh ar inúsáidteacht agus ar éifeachtacht an chórais nuair a chuirtear a thabhairt isteach go dtí seo san áireamh.<br>    o Fuarthas breis agus 1,000 freagairt agus tá achoimriú agus measúnú á dhéanamh orthu faoi láthair. |
| **126 Seachadadh Ríomhchuidithe a Sholáthar:**<br><br>Leanúint leis an bpróiseas soláthair do CAD2, agus an rogha díoltóra a roghnú (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH AN SPRIOC ✔ | - Is é Seachadadh Ríomhchuidithe (CAD) an córas a úsáidtear chun glaonna éigeandála a chomhordú.<br>- Síníodh an conradh leis an rogha díoltóra an 20 Samhain 2020 agus roimh an spriocdháta.<br>- Leantar le hobair a dhéanamh ar an gcóras a phleanáil agus a dhearadh agus tá comhdhálacha rialta sreabhaidh oibre ar siúl gach seachtain.<br>- Tá an fhoireann CAD ag oibriú i leith Plean um Chur i bhFeidhm sonrach agus tá súil leis go gcuirfear i bhfeidhm é i Ráithe 4 2022/ Ráithe 1 2023.<br>- Tá comhdhálacha ar siúl go leanúnach maidir leis an gclár oiliúna: Anailís ar riachtanais, pleanáil, siollabas, oiliúint don oiliúnóir, oiliúint eagraíochta agus ríomhfhoghlaim. Tá súil leis go leanfaidh cruinnithe seachtainiúla de bheith ar siúl ar líne.<br>    o Agus súil leis an tionscadal CAD2 a chur i bhfeidhm, tá CAD1 á chomhdhlúthú tríd an sean-Réigiún Thoir a chónascadh leis an Réigiún Thoir nua, agus cuireadh tús leis seo le TFC: D'éirigh linn an Mhí/an Iarmhí a aistriú isteach i Seomra Rialaithe Réigiúnach Phort Láirge Thoir i mí na Nollag 2020. |

| SPRIOC DHEIREADH NA BLIANA | DUL CHUN CINN A RINNEADH |
|---|---|
| **127/8 Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas a Thabhairt Isteach:**<br><br>(127) Roghanna a fhiosrú chun CBUD a thabhairt isteach níos tapúla (Ráithe 2)<br>(128) CBUD a imlonnú in 3 Roinn bhreise (Ráithe 4).<br><br>BAINEADH SPRIOC GO PÁIRTEACH | - Nuachóiriú leictreonach an chórais reatha sceidealaithe uainchlár do chomhaltaí an Gharda Síochána é an Córas Bainistíochta Uainchlár ag Dualgas (CBUD).<br>- Cuireadh CBUD i bhfeidhm go rathúil i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Láir (RCBÁC TL) agus cuireadh ceardlanna ar bun chun ullmhú do scor A.85 leis an bhFoireann Airgeadais sa Roinn.<br>- Rinneadh cinneadh faoin struchtúr crainn deiridh do Roinn Chathair Chorcaí.<br>- Tosaíodh idirchaidreamh le Roinn Luimnigh agus tá suirbhéanna suímh á socrú faoi láthair.<br>- Soláthraíodh crua-earraí TF do Phleanálaithe Roinn in dhá Roinn (RCBÁC TL agus Corcaigh) agus críochnaíodh bailiú sonraí.<br>- Cuireadh oiliúint ar Phleanálaithe Roinne agus tá an fheidhm Phleanála curtha i bhfeidhm.<br>- Cuireadh oiliúint freisin ar an bhfoireann Réigiúnach um Thabhairt Isteach.<br>- Tá CBUD a chumrú agus a fhorbairt agus a ailíniú leis an tSamhail Oibriúcháin ar bun.<br>    o Sceidealaíodh ceardlann phleanála le hUrraitheoir an Ghnímh, Bainisteoir an Ghnímh agus an tArd-Cheannfort, an tSamhail Oibriúcháin in Eanáir 2021 le plean breise um thabhairt isteach a fhorbairt. |